
# Iarnród Éireann

Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais 2006








PRN. A7/0348

# Clár




| | |
|---|---|
| Athbhreithniú Oibríochta | 3 |
| Stiúrthóirí agus Eolas Eile | 12 |
| Tuarascáil na Stiúrthóirí | 13 |
| Ráiteas d'Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí | 17 |
| Tuarascáil na nIniúchóirí | 18 |
| Príomhpholasaithe Cuntasaíochta | 20 |
| Cuntas Brabúis agus Caillteanais | 23 |
| Clár Comhardaithe | 24 |
| Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid | 25 |
| Nótaí leis na Ráitis Airgeadais | 26 |



Ba mhaith le Bus Éireann aitheantas a thabhairt do mhaoiniú ó Rialtas na hÉireann faoin bPlean Forbartha Náisiúnta 2000-2006 ar mhórthionscadail chomh maith le cómhaoiniú ón Aontas Eorpach.

**Dearadh:** First Impression

# Athbhreithniú Oibríochta




## Achoimre: Fás Leanúnach ar Sheirbhísí Paisinéirí nár Baineadh Amach Cheana

- Bhí toradh chlár infheistíochta Iarnród Éireann á léiriú arís sa bhliain 2006, leibhéal infheistíochta nach facthas cheana nuair a taifeadadh 43.3 milliún turas, an líon is airde de thurais phaisinéirí go dtí seo
- Feabhsaíodh caighdeán seirbhísí le rothra nua, le hacmhainneacht bhreise, le tuilleadh seirbhísí agus le saoráidí níos fearr
- Bhí sábháilteacht fós ina hardtosaíocht agus taifead sábháilteachta den scoth ag an gcuideachta, rud a bhí mar thoradh ar dhea-bhainistiú sábháilteachta agus infheistíocht stuama i gcúrsaí sábháilteachta
- Cuireadh feabhas ar inrochtaineacht trí rothra nua a thabhairt isteach agus trí shaoráidí stáisiúin níos fearr
- Leanadh le clár forbartha agus athnuachan iarnróid Iompar 21 le hinfheistíocht de €274 milliún ón Státchiste agus ón AE sa bhliain 2006
- Bhí ról tábhachtach ag foireann Iarnród Éireann maidir le forbairt an iarnróid trína dtiomantas i ndáil le seirbhís ar ardchaighdeán, trína gcumas dul in oiriúint le seirbhísí agus le teicneolaíochtaí nua agus trína dtoillteanas iarracht bhreise a dhéanamh
- Barrachas oibríochta de €23.3m, ardú €7.9m i gcomparáid leis an mbliain 2005
- Bhí glan-easnamh de €4.1m ann don bhliain mar thoradh ar chostais chuíchóirithe de €27.4

## Gnó Paisinéirí

Rinneadh líon iomlán de bhreis agus 43.3 milliún turas i seirbhísí InterCity, DART agus seirbhísí Comaitéara faoi dheireadh an lae oibre an 31 Nollaig 2006, rud a léirigh ardú 14% ar an líon turas de 37.7 milliún turas a rinneadh sa bhliain 2005, leibhéal nár baineadh amach go dtí sin.




*Fíor 1 Líon Paisinéirí (milliúin)*

Athdheimhníonn an t-ardú seasamh Iarnród Éireann mar an t-iarnród is tapúla atá ag fás san Eoraip, stádas a baineadh amach le fás 9% na bliana roimhe sin. Tá líon na bpaisinéirí ardaithe beagnach 25%, nó 8.5 milliún turas, sa dá bhliain ó 2004.

Ta an tacaíocht láidir do sheirbhísí InterCity, DART agus do sheirbhísí Comaitéara á léiriú san ardú 10.5% in ioncam ó €150.9m sa bhliain 2005 go €166.8m i 2006.



Is é an chúis atá leis an ardú ar phaisinéirí ná an fhreagra láidir ó chustaiméirí maidir le feabhsúcháin ar sheirbhísí, lena n-áirítear:

- Leas bainte as cur i gcrích an Uasghrádaithe DART le bliain iomlán, agus is traenacha 8 gcarráiste a oibríonn go leor de sheirbhísí DART sna buaicthréimhsí anois
- Níos mó seirbhísí comaitéirí ar línte Bhaile Átha Cliath/ Mhaigh Nuad agus Bhaile Átha Cliath/Dhroichead Átha, mar aon le feabhsúcháin ar sheirbhísí comaitéirí go Ceatharlach, go Cill Dara agus go Baile Átha Luain
- Roinnt seirbhísí InterCity agus seirbhísí réigiúnacha níos minicí ar bhealaí mar bhealaí Bhaile Átha Cliath/ Sligeach, Chorcaí/Trá Lí, Bhaile Átha Cliath/Port Láirge agus seirbhísí breise ar an deireadh seachtaine ar bhealaí Bhaile Átha Cliath/Gaillimh agus Bhaile Átha Cliath/Luimneach

Bhí na chéad traenacha den fhlít nua InterCity i seirbhís ar bhealach Bhaile Átha Cliath/Corcaigh sa bhliain 2006 agus faoi dheireadh na bliana bhí na seirbhísí go léir beagnach ar an mbealach sin á n-oibriú ag traenacha nua. Cuireadh tús le seirbhís InterCity gach uair an chloig ar an mbealach i rith mhí Eanáir 2007.

Nuair a tugadh isteach flít nua Bhaile Átha Cliath/Corcaigh, cuireadh tús le próises trí bliana ina n-athrófar flít InterCity de chuid Iarnród Éireann ón gceann is sine in Iarthar na hEorpa go dtí an ceann is nuaí faoin mbliain 2008. Beidh líon iomlán de 250 carráiste nua ag dul i mbun seirbhíse feadh an líonra náisiúnta ar fad.

## Lastas

Bhí athruithe móra á ndéanamh ar an ngnó Lastais arís i rith na bliana. Cuireadh gnó nua coimeádán traenach in áirithe idir Béal an Átha agus Port Láirge agus mhéadaigh an líon tráchta mianmhianraí. Mar sin féin, bhí drochthionchar ag deireadh a bheith curtha le mínghlanadh siúcra in Éirinn ar an ngnó lastais iarnróid, leis an deireadh a cuireadh ina dhiaidh sin le trácht biatais mar aon le cinneadh Diageo aistharraingt ó dháileadh a gcuid táirgí ar an iarnród go luath i 2006. Rinneadh athbhreithniú láithreach ar bhonn costais an ghnó lastais agus ansin chuathas i mbun clár maolaithe gnímh chun an cúlú sin a fhritháireamh.

## Europort Ros Láir

Ba bharrachas de €3.1m an toradh don bhliain 2006 i gcomparáid le €3.2m sa bhliain 2005.

Ba é €11.4m an t-ioncam iomlán a tuilleadh as gníomhaíochtaí calafoirt i gcomparáid le €10.6m sa bhliain 2005. Tagann an t-ardú seo le 2006 a bheith mar bhliain le hioncam nár baineadh amach cheana maidir le Lastas Ro-Ro i Ros Láir.

## Breosla agus Fuinneamh

Leanadh leis an tionchar mór a bhí ag costais bhreosla a bhí ag ardú ar bhunús costais Iarnród Éireann le linn 2006. Maolaíodh an nochtadh do ghluaiseacht dhiúltach i margaidh bhreosla agus airgeadra go pointe tríd an bpolasaí de nochtadh a fhálú go stuama.

Mar sin féin, b'ionann costais bhreosla agus leictreachais d'Iarnród Éireann, le CBL agus dleacht mháil san áireamh, agus €26.4 milliún do 2006 i gcomparáid le €20.5 milliún do 2005, méadú de 29%.

## Costais Phárolla

Coinníodh an t-ardú ar chostais phárolla iomlána (le costais phinsean san áireamh) ag 2.3% i 2006 agus táthar ag súil go n-ardóidh siad 4% i rith 2007. Is mar thoradh ar bhoilsciú i gcostas pá go príomha iad na harduithe costais, mar go bhfuiltear ag laghdú an líon foirne tríd an bpolasaí den bhunús costais a athailíniú agus laghdaíodh de réir 292 é faoi dheireadh 2006.




## Ardú ar Tháillí

Cheadaigh an Rialtas ardú ar tháillí rialaithe Iarnród Éireann de mheánmhéid de 2.75% ón 4 Eanáir 2007.

## Costais Athstruchtúraithe

Tabhaíodh costais athstruchtúraithe iomlána de €27.4m, a bhí comhdhéanta go príomha de scaoileadh deonach, i rith na bliana. Mar thoradh ar chaillteanas an tráchta biatais siúcra, ceapachán soláthróir seirbhísí lónadóireachta nua agus aistarraingt Diageo ó dháileadh a gcuid táirgí ar an iarnród, tá clár mór athstruchtúraithe ann chun an gnó a athailíniú mar gheall ar a bhonn ioncaim laghdaithe.

## Infheistíocht

Le linn 2006, lean Iarnród Éireann leis an infheistíocht atá déanta aige le déanaí sa chlár athnuachana sábháilteachta agus i dtionscadail infheistíochta caipitil, le cúnamh ón Státchiste faoi Iompar 21 agus ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (ERDF).

Infheistíodh deontais ón Rialtas de €253.1m, deontais ón AE de €20.9m, deontais tríú páirtí de €5.3m agus maoiniú óna acmhainní féin de €22.5m in Iompar 21 agus i dtionscadail forbartha eile le linn na bliana. Áiríodh air sin infheistíocht de €100m in oibreacha Chlár Sábháilteachta.

Áiríodh ar na príomhthionscadail ar tugadh fúthu an tionscadal Athchóirithe DART a chríochnú, tionscadal Bhealach Chill Dara a thosú, agus flít nua carráistí InterCity ar bhealach Bhaile Átha Cliath/Corcaigh a thabhairt isteach.

Rinneadh obair ar fhorbairt na scéime don áras cairr iarnróid nua i bPort Laoise chomh maith i 2006.

Fuair stáisiún nua na nDugthailte i mBaile Átha Cliath cúnamh ón Státchiste agus ón Aontas Eorpach. Cuireadh tús le tógáil an stáisiúin i mí an Mhárta, 2006 agus críochnaíodh í i mí an Mhárta, 2007.

Rinneadh obair ar uathoibriú nó dúnadh roinnt crosairí comhréidh ar línte Chiarraí, Phort Láirge agus Chathair na Mart freisin i 2006, chomh maith le hathchomharthaíocht ar línte Ros Láir agus Bhéal an Átha.

## Forbairt ar an tSeirbhís Bhaile Átha Cliath/Corcaigh

Cuireadh tús leis na sceidil maidir le seirbhísí traenach nua do 2007 an 14 Eanáir. Ba é an phríomhfhorbairt InterCity ná tabhairt isteach an tseirbhís in aghaidh na huaire ar an bpríomhlíne Bhaile Átha Cliath/Corcaigh. Bíonn 15 traein idir an dá chathair gach lá ó Luan go hAoine, a fhágann Baile Átha Cliath ar bhuille na huaire agus a fhágann Corcaigh 30 nóiméad tar éis na huaire, agus tá acmhainn an bhealaigh beagnach dúbailte.

Is iad caighdeán, compord, minicíocht agus acmhainn príomhbhuntáistí na seirbhíse do chustaiméirí. Is féidir na seirbhísí ar fad a chur in áirithint ar líne roimh ré, do chóiríocht chéad class agus do ghnáthchóiríocht. Cuireann an patrúin in aghaidh na huaire le héifeachtúlachtaí acmhainne freisin i dtéarmaí úsáid stoic rothra agus imlonnú foirne traenach.

## Forbairt ar an tSeirbhís Comaitéara

Áirítear ar na sceidil nua do 2007 roinnt feabhsúcháin mhóir ar an líonra seirbhíse comaitéara do Bhaile Átha Cliath. Go sonrach tugann na sceidil deis an t-oibriú comaitéara nua ó Chluain Saileach go dtí na Dugthailte a thabhairt isteach ó mhí an Mhárta 2007, ag cur minicíocht 10 nóiméid ar fáil i lár na buaicthréimhse.

Tugadh seirbhísí breise do stáisiúin áirithe freisin mar fhreagairt ar fhás ar an éileamh áitiúil, lena n-áirítear Guaire, an tInbhear Mór, an Bóthar Buí agus Cill Choca, agus Dún Dealgan.

Le linn an dara leath de 2007, tabharfaidh tabhairt isteach charranna iarnróid Intercity nua ar líne Shligigh, chun



athsholáthar a dhéanamh ar na carranna iarnróid comaitéara, deis na cinn chomaitéara a úsáid chun breis acmhainne a chur ar fáil ar na príomhsheirbhísí ar línte Mhaigh Nuad agus Dhroichead Átha.

## Forbairt ar DART

Áirítear ar an gconradh leasaithe le Siemens maidir le cur i gcrích an chláir athchóirithe carráiste DART líon laghdaithe feithiclí a bheith as seirbhís le haghaidh athchóirithe ag tráth ar bith. Thug sé sin deis naisc charráistí DART athbhreithnithe a chur i bhfeidhm i sceidil 2007, ag cur go mór leis an líon traenach DART le 8 gcarráiste ag oibríochtaí buaicthréimhse. Is traenacha 8 gcarráiste a bhíonn ann d'fhormhór mór na mbuaicsheirbhísí anois. Cuireann sé sin níos mó le hacmhainn DART buaicthréimhse ó stáisiúin ó thuaidh agus ó dheas.

## Ticéadú agus Díolachán

Feabhsaíodh saoráidí custaiméirí le linn na bliana, agus tá méadú ar ghnó dá bharr.

- Leathnaíodh áirithintí agus díolacháin ar líne go mór le seirbhís den chéad ghrád agus gnáthsheirbhís ar gach seirbhís de chuid Intercity a chur san áireamh
- Tá forbairt ar bun chun scrúdú a dhéanamh ar an bhféidearthacht ticéid a phriontáiltear sa bhaile a úsáid d'áirithintí InterCity ar líne
- Simplíodh cineálacha ticéad agus tá go leor táirgí nach n-úsáidtear go minic tarraingthe siar
- Cuireadh tuilleadh leis an líon meaisíní díola ticéad uathoibríocha ag stáisiúin
- Ghlac níos mó custaiméirí leis an scéim sábhála cánach le tríocha cúig cuideachta breise ag dul isteach inti i mí Eanáir.
- Tá geataí seiceála ticéad uathoibríocha i bhfeidhm ag Stáisiún Uí Chonghaile, Duga na Canála Móire, Bóthar Chluain Tairbh, An Charraig Dhubh, Bóthar Lansdúin agus Sráid na Teamhrach. Tá na geataí sin ag oibriú go maith agus cuireann siad bac den scoth ar imghabháil táille.

## Ticéid Chomaitéara Sábhála Cánach: Ioncam agus Méideanna

Is é an táirge Comaitéara Sábhála Cánach ceann de na táirgí is tapúla fáis atá ann. Tá an scéim i bhfeidhm ó 1999 agus tá níos mó agus níos mó díolachán á ndéanamh. Ardaíodh díolacháin Sábhála Cánach ó 11m i 2005 go dtí 15m i 2006. Chuir seoladh an chórais ar líne i 2005 leis an rathúlacht sin. Tá breis agus 1,600 cuideachta a ordaíonn ticéid Sábhála Cánach Míosúla agus Bliantúla ar líne ó Iarnród Éireann anois. Chuir seoladh an chórais ar láithreán gréasáin Iarnród Éireann i 2005 spreagadh don táirge.

## Margadh na Mac Léinn

Díoladh an méid is mó Cártaí Taistil do Mhic Léinn i 2006 ó tugadh isteach iad le 51,500 cárta díolta i gcomparáid le 39,270 i 2005. Is ionann sin agus fás de bhreis agus 31%.

## Lónadóireacht

Ba thionscnamh suntasach i 2006 é lónadóireacht a fháil ó fhoinse allamuigh ar an tseirbhís trasteorann Bhaile Átha Cliath-Béal Feirste ó sholáthróir seachtrach – Corporate Catering Ltd. Tugann an socrú conartha sin breis cinnteachta maidir le leibhéil sheirbhíse sa ghníomhaíocht neamh-lárnach sin. Díríonn sé an tseirbhís ar níos mó gníomhaíochtaí seirbhíse tráchtála agus custaiméara chomh maith.

Rinneadh athbhreithniú ar lónadóireacht chun freastal ar na riachtanais atá ag athrú maidir leis na seirbhísí nua de chuid InterCity agus tá soláthróir lónadóireachta seachtrach, Rail Gourmet Ltd., roghnaithe anois chun lónadóireacht ar bord a ghlacadh ar na seirbhísí baile go léir de chuid InterCity.

# Athbhreithniú Oibríochta (ar lean)



## Feidhmíocht Seirbhíse

Tuairiscíonn Iarnród Éireann chuig an Roinn Iompair ar tháscairí feidhmíochta ar bhonn ráithiúil, in aghaidh na spriocanna atá sa Mheabhrán Tuisceana ar Leibhéil Seirbhíse.

Ba bhliain í 2006 ina ndearnadh tuilleadh feabhsaithe foriomlán maidir le poncúlacht agus iontaofacht seirbhísí paisinéara.

Bhain Iarnród Éireann amach na spriocanna poncúlachta ar gach bealach le linn 2006, nó sháraigh siad. Tá pléití ar bun leis an Roinn Iompair chun tacar nua spriocanna a chomhaontú do 2007.

| Bealach | | Sprioc % | 2006 % | (2005) % |
|---|---|---|---|---|
| **DART** | 0-10 nóiméad | *90* | **97.6** | (95.4) |
| **Comaitéara** | | | | |
| Maigh Nuad | 0-10 nóiméad | *87* | **97.1** | (95.7) |
| an Tuaisceart | " | *87* | **96.4** | (94.8) |
| Cill Dara | " | *85* | **94.9** | (91.7) |
| **InterCity** | | | | |
| Corcaigh | 0-10 nóiméad | *90* | **91** | (91) |
| Trá Lí | " | *85* | **91** | (89) |
| Luimnach | " | *90* | **95** | (95) |
| Gaillimh | " | *85* | **93** | (90) |
| Cathair na Mart | " | *85* | **90** | (88) |
| Sligeach | " | *85* | **96** | (88) |
| Béal Feirste | " | *90* | **91** | (79) |
| Ros Láir | " | *85* | **93** | (93) |
| Port Láirge | " | *85* | **96** | (92) |

*Fíor 2 Feidhmíocht Seirbhíse 2006*

## Sábhailteacht

Is í sábháilteacht an tosaíocht is airde i gcónaí d'Iarnród Éireann agus tá cultúr sábháilteachta láidir go smior san eagraíocht.

Ba bhliain mhaith eile a bhí i 2006 do thaifead sábháilteachta Iarnród Éireann gan aon timpiste mhór gluaiseachta traenach ann lenar bhain díobháil thromchúiseach nó bás.

Déanann bainistíocht Iarnród Éireann dlúthmhonatóireacht ar staitisticí sábháilteachta agus tháinig feabhas leanúnach ar roinnt príomhtháscairí i 2006, mar shampla Eachtraí Thar Chomharthaí Dáinséir (SPADanna), eachtraí traenach ag Crosairí Comhréidh agus timpistí Ama Caillte.

Is cúis imní faoi leith go fóill iad timpistí ag áiteanna ina mbíonn úsáideoirí bóthair ar nós carranna ag bualadh crosairí comhréidh agus leoraithe ag dul i bhfostú faoi dhroichid. Rinneadh iarracht mhór sna réimsí sin le cur i bhfeidhm comharthaí rabhaidh roimh ré agus buailbhacainní, feachtais theilifíse agus fógraíochta áitiúla agus ionchúiseamh ciontóirí.

Achtaíodh an Bille um Shábháilteacht Iarnróid 2001 mar an tAcht um Shábháilteacht Iarnróid 2005. Tá stádas neamhspleách bronnta ar an gCoimisiún Sábháilteachta Iarnróid anois.

Chuir Iarnród Éireann a Cás Sábháilteachta i gcrích le linn 2006 agus ghlac an Coimisiún Sábháilteachta Iarnróid go foirmeálta leis ag deireadh mhí Eanáir, 2007.

Rinneadh imsamhladh iomlán d'eachtra éigeandála le linn 2006, agus bhí baint ag na seirbhísí éigeandála go léir leis.

Is iomaí ceacht úsáideach a foghlamaíodh ón gcleachtadh sin agus cuireadh san áireamh iad maidir le pleanáil éigeandála.

Ba é 2006 an tríú bliain den Chlár Sábháilteachta agus Athnuachana Iarnróid 2004-2008 agus leanadh leis na

# Athbhreithniú Oibríochta (ar lean)



hoibreacha a tosaíodh an bhliain roimhe sin a bhain le hathnuachan a dhéanamh ar trac agus bealach buan, struchtúir agus infrastruchtúr comharthaíochta.

Caitheadh breis agus €100m ar oibreacha a bhain le sábháilteacht i 2006.

## Inrochtaineacht

Áirítear sa chlár chun cur le inrochtaine stáisiún paisinéara: obair ar charrchlóis agus limistéir tuirlingthe, bealaí isteach i stáisiúin, rampaí agus céimeanna, fuinneoga ticéad, seomraí taobh istigh, seomraí feithimh agus leithris, dathanna agus codarsnacht, droichead coisithe agus ardaitheoirí, dromchlaí ardán agus ábhar tadhlach, pointí cúnaimh, córais fógartha poiblí, pointí éisteachta, soilsiú, CCTV, suíocháin agus foscadáin.

Tá obair inrochtaine ar an DART curtha i gcrích ar na stáisiún go léir ach amháin péire, a bhfuil moill orthu de bharr saincheisteanna pleanála.

Tá an tionscadal inrochtaine ar bhealach Chorcaí faoi lán tseoil agus tá oibreacha beagnach críochnaithe ag stáisiúin Durlais, Phort Laoise agus Mala. Tá na conarthaí do thuilleadh stáisiún ar an mbealach ligthe agus cuirfear i gcrích iad le linn 2007. Tá tionscadail bhealaí na Gaillimhe agus Bhéal Feirste ag leanúint ina dhiaidh sin; tá ullmhú tairisceana ar bun agus tá oibreacha orthu beartaithe le bheith críochnaithe le linn 2008.

Tá an stoc rothra nua go léir inrochtaine, lena n-áirítear na carranna iarnróid DART agus Comaitéara nua agus na cóistí InterCity nua ar bhealach Chorcaí. Tabharfar carranna iarnróid InterCity isteach i 2007 agus bainfidh gach bealach leas as stoc rothra a bheidh go hiomlán inrochtaine faoi lár 2008.

Tá duaiseanna buaite ag láithreán gréasáin Iarnród Éireann irishrail.ie dá ghnéithe inrochtaine.

## Iompar 21

Rinneadh dul chun cinn ollmhór ar phríomhthionscadail de chuid Iompar 21 le linn 2006:

## Rothra

Rinneadh athrú mór ar rothra le linn 2006 nuair a chuaigh na sraitheanna traenach Mark IV i mbun seirbhíse ar an líne Baile Átha Cliath/Corcaigh. Ar ghnéithe na gcóistí sin tá cuma sruthlíneach, libhré faoi leith, aer chóiriú, áirithintí suíochán leictreonach, córais eolais phaisinéara ar bord agus cóistí den chéad ghrád le gnéithe mar shuíocháin inathraithe agus raidió sna suíocháin.

Tá dul chun cinn maith déanta maidir le flít carranna iarnróid InterCity nua a tháirgeadh do na seirbhísí InterCity eile go léir agus tá na chéad chinn díobh sin tagtha go hÉireann ón gCóiré Theas lena dtástáil agus lena gcoimisiúnú.

Tá an chéad cheann de na haonaid bhunaidh DART athchóirithe curtha ar ais go hÉireann le haghaidh tástáil deiridh.

## Tionscadal Bhealach Chill Dara

Maidir leis an tionscadal chun ceithre líne a bheith ag an líne iarnróid idir Gort na Silíní agus Collchoill, chun mórbhuntáistí minicíochta agus acmhainne a sheachadadh chun an gnó InterCity agus Comaitéara isteach go Stáisiún Heuston a éascú, gnó atá ag fás, tionóladh fiosrúchán poiblí chun ceadú a thabhairt do na hoibreacha dul ar aghaidh. Shínigh an tAire Iompair an tOrdú Iarnróid an 5 Nollaig, 2006 agus bhí éifeacht leis an 31 Eanáir, 2007. Tá oibreacha cumasaithe agus oibreacha ullmhaithe láithreán ar bun agus táthar ag súil go mbeidh conraitheoirí ar an láthair faoi mhí Bealtaine, 2007. Is é sin an tionscadal tógála iarnróid is mó ar thug Iarnród Éireann faoi go dtí seo agus tá sé beartaithe a bheith críochnaithe i 2010.



## Stáisiún na nDugthailte

D'oscail Stáisiún na nDugthailte an 12 Márta, 2007. Freastalaíonn an stáisiún nua seo i lár na cathrach ar an éileamh atá ag fás ó na bruachbhailte in iarthar Bhaile Átha Cliath, mar Cluain Saileach, Caisleán Cnucha agus Cúil Mhín go díreach chuig an IFSC agus ceantar na ndugthailte atá ag forbairt go mór. Tá teacht éasca ar dheisceart na cathrach freisin leis an droichead coisithe nua trasna na Life.

Críochnaíodh an tionscadal 3 mhí roimh an am sceidealta agus faoin mbuiséad.

## Iarnród Ghleanntán go Mainistir na Corann

Is éard a mholann an tionscadal seo iarnród Ghleanntán go Mainistir na Corann a ath-oscailt, lena n-áirítear stáisiúin a chur ar fáil ag Carraig Thuathail agus ag Mainistir na Corann. Tosaíonn an bealach atá molta ag Ahomhal an Chóibh agus síneann soir trí Charraig Thuathail go baile Mhainistir na Corann, achar iarnróid iomlán de 10 ciliméadair.

Tionóladh fiosrúchán poiblí an Ordaithe Iarnróid i mí Dheireadh Fómhair/mí na Samhna, 2006, agus foilsíodh tuarascáil an Chigire. Faoi réir ag ceadú ón Aire, táthar ag súil go dtosóidh obair fhisiciúil i 2007.

## Conair Iarnróid an Iarthair

Aithníodh go mbeidh príomhról ag Conair Iarnróid an Iarthair, a nascfaidh Luimneach le Gaillimh agus le Maigh Eo, maidir le forbairt eacnamaíoch an Iarthair a fhorbairt.

Tosóidh obair fhisiciúil i 2007 ar chéim I, an chuid ó Inis go Baile Átha an Rí, a thabharfaidh deis d'oibriú sheirbhísí díreacha idir Luimneach agus Gaillimh nuair a osclófar é i 2008.

## Líne na hUaimhe

### Céim I: Acomhal Chluain Saileach – N3 ag Pace

Tá tús curtha le hobair dheartha agus glanadh láithreáin agus tá sprioc ann go lóisteálfar ordú iarnróid agus go dtionólfar fiosrúchchán i 2007. Tá scéim ranníocaíochta tobhaigh glactha ag Comhairle Chontae Fhine Ghall agus ag Comhairle Chontae na Mí a fheidhmeofar leis an tionscadal seo.

### Céim II: Pace – an Uaimh

Tá tús curtha le staidéar scóipe ar an líne Pace go dtí an Uaimh. Tionóladh comhairliúchán poiblí ar an staidéar scóipe.

### Forbairt ar Dhearadh Tolláin Idirnascaire DART Faoi Thalamh

Tá obair dheartha ar siúl ar an tollán Idirnascaire DART Faoi Thalamh idir na Dugthailte agus Stáisiún Heuston, rud a chuirfidh athrú mór ar líonra Iarnród Éireann tríd an dara líne DART ard-acmhainne a chur ar fáil trí chroílár na cathrach, le stáisiúin idirmheánacha ag Stáisiún an Phiarsaigh, ag Faiche Stiabhna agus ag an tSráid Ard, agus a dhéanfaidh na modhanna iarnróid go léir a chomhdhlúthú. Tá tús curtha le fiosrúcháin gheoiteicniúla feadh an bhealaigh. Tá rogha maidir le dearadh tolláin molta. Tionóladh comhairliúcháin le gníomhaireachtaí eile, lena n-áirítear an Ghníomhaireacht um Fháil Iarnród.

## Athchomharthaíocht DART

Tá réamhphlean scéime ullmhaithe chun an chuid idir Stáisiún Uí Chonghaile agus Duga na Canála Móire a athchomharthú agus tá imsamhladh bealaigh ar bun. Is í an chuid sin an chuid is plódaithe sa líonra agus bíonn sí ag feidhmiú chuig lánacmhainneacht ag buaicthréimhsí.

## Áras Cúraim Traenach Laoise

Tá dearadh mionsonraithe beagnach críochnaithe ar an áras cothabhála InterCity DMU nua ag Port Laoise. Tá oibreacha claífoirt agus créfoirt fós ar bun. Tá na hoibreacha bunsraithe don phríomhfhoirgneamh fós ar bun.




## Deireadh a chur le Srianta Luais Buana: Cúl an tSúdaire agus Acomhal Luimnigh

Tá tús curtha le tionscadail chun na srianta luais buana atá fós i bhfeidhm ar phríomhlíne Bhaile Átha Cliath/Chorcaí ag Cúl an tSúdaire agus ag Acomhal Luimnigh.

Táthar ag súil go dtosóidh tógáil ag Cúl an tSúdaire i mí an Mhárta, 2007 agus go seachadóidh sí an méid seo a leanas:

- Luas líne 80 míle in aghaidh na huaire tríd an stáisiún maidir le traenacha príomhlíne Bhaile Átha Cliath/ Chorcaí.
- Fad breise a chur le hardáin go dtí 215m.
- An luas a mhéadú go dtí 20 in aghaidh na huaire maidir le traenacha ag gluaiseacht ar bhrainse Bhaile Átha Luain nó uaidh.

Déanfaidh an tionscadal ag Luimneach an méid seo a leanas:

- An córas comharthaíochta ag Acomhal Luimnigh a chuíchóiriú agus a nuachóiriú ar phríomhlíne Bhaile Átha Cliath/Chorcaí. Déanfar an chomharthaíocht a rialú ón Lárionad Rialaithe Tráchta (CTC) i Stáisiún Uí Chonghaile.
- Comharthaí cosanta solais daite a chur ar fáil ag sé chrosaire comhréidh idir Tiobraid Árann agus Cluain Meala.

## An Clár Carrchlóis ar Fud na Tíre

Tá tús curtha le clár chun na carrchlóis ag stáisiúin a uasghrádú trí uasghrádú dromchla, soilsiú agus CCTV. Tá oibreacha curtha i gcrích ag Mala, Inis agus ag Droichead Louisa, Léim an Bhradáin.

Tá dearadh mionsonraithe do cheithre láithreán tosaíochta ag an Droichead Nua, an tInbhear Mór, Baile Mhic Gormáin agus Tulach Mhór curtha i gcrích. Tugadh cead pleanála do Thulach Mhór. Tá doiciméid tairisceana réidh le heisiúint anois. Tá tús curtha le hobair dheartha ar 13 láithreán eile.

## Stáisiúin Nua

Cheadaigh roinnt deiseanna tráchtála d'fhorbairt stáisiún nua ag Baile Adaim, Páirc an Fhionnuisce agus Bóthar na Gráinsí, Bhaile Dhúill, agus tá dul chun cinn maith á dhéanamh orthu go léir.

Cheadaigh roinnt deiseanna tráchtála eile d'fhorbairt saoráidí ag Cill Chainnigh agus ceadóidh deiseanna lánpháirtithe le forbairtí tráchtála do bhealaí isteach nua Stáisiún an Phiarsaigh agus ag Duga na Canála Móire.

## Daoine

### Comhpháirtíocht

Leanadh le comhthionscnamh oiliúna de chuid na gceardchumann/na bainistíochta sa rannán Infrastruchtúir le linn 2006 agus leathnaíodh é. Tá tuilleadh forbairtí molta maidir le socruithe comhpháirtíochta struchtúrtha le linn 2007. Áirítear air sin ag tógáil ar chomh maith is ar éirigh leis an Ardghrúpa Rannpháirtíochta agus leis an Ardghrúpa Comhairliúcháin Sábháilteachta.

### Comhionannas

Leathnaigh Oifigeach Comhionannais lánaimseartha Iarnród Éireann agus a fhoireann roinnt tionscnamh maidir le cothromaíocht oibre/saoil lena n-áirítear saoire i rith téarma scoile agus obair ar líne ón mbaile. Athbhreithníodh agus foilsíodh polasaí Bulaíochta agus Ciaptha na cuideachta, agus athruithe sa reachtaíocht á dtabhairt ar aird.

Chomh maith leis sin leanadh le cleachtas na cuideachta a dhíonadh ó thaobh comhionannais.

### Líon Foirne

Leanadh leis an bpróiseas riachtanach de dhul ar thóir níos mó éifeachtúlachta agus níos mó táirgiúlachta dá bharr sin maidir lenár n-acmhainní daonna a úsáid, agus leanadh le freagairt do choinníollacha margaidh atá ag athrú agus a chruthaíonn gá le gníomhaíochtaí a chomhdhlúthú nó a chuíchóiriú, le linn 2006. Ba é an

# Athbhreithniú Oibríochta (ar lean)



toradh a bhí ag an athrú agus ag an gcuíchóiriú a cruthaíodh sa phróiseas sin ná lagdú foriomlán breise ar na leibhéil foirne a tomhasaíodh mar an líon ag deireadh na bliana, bliain ar bhliain, go príomhlíon de 4,768, i gcomparáid le 5,060 ag deireadh na bliana 2005 i.e. laghdú de 292. Ba é an príomhfhachtóir leis sin ná an meath sa trácht lastais biatais siúcra agus ceaigeanna.

## Síochán Tionsclaíoch

Seachadadh seirbhísí Iarnród Éireann le linn 2006 gan cur isteach de bharr gníomhaíochta tionsclaíche, seachas aigneas tionsclaíoch neamhoifigiúil i gCorcaigh. Go bunúsach, tá tréimhse gan fasach de bhreis agus cúig bliana de shíochán tionsclaíoch leanúnach bainte amach ag Iarnród Éireann, rud a chinntigh gur seachnaíodh cur isteach ar an tseirbhís nó caillteanas ioncaim.

## Polasaí Comhshaoil

Mar chuid de pholasaí Bhord CIÉ, féachtar chun réitigh iompair le leibhéil charbóin ísle a chur i bhfeidhm nach ndéanfaidh dochar don chomhshaol. Tá béim mhór á cur air sin ón mbliain 2000, ag teacht le sárchleachtas a thagann chun cinn maidir le hinnill díosail bhusanna agus traenacha.

Is é polasaí Iarnród Éireann flít nua-aimseartha a chomhlíonann dianchritéir an AE maidir le hastuithe a chur in ionad rothra a bhíonn as dáta.

Comhlíonann flít carranna iarnróid nua InterCity spriocanna maidir le teorainneacha astuithe Ocsaíd Nitriúil an AE nach ndéanfar a fhorfheidhmiú go dtí 2012 agus tá an flít sin mar an flít díosail is lú a dhéanfaidh dochar don éiceolaíocht san Eoraip.

## Bainistiú Riosca

Tá próiseas Bainistiú Riosca Feadh an Fhiontair (EWRM) i bhfeidhm. Is geallsealbhóirí sa phróiseas iad na fostaithe go léir.

Baineann roinnt de na rioscaí móra a aithníodh sa Chlár Riosca le cúrsaí oibríochta agus tá roinn sábháilteachta tiomanta ann chun oibriú in éineacht le bainisteoirí líne chun monatóireacht a dhéanamh ar rialuithe sábháilteachta.

# Stiúrthóirí agus Eolas Eile

## Na Stiúrthóirí amhail an 4 Aibreán 2007

| | |
|---|---|
| **An Cathaoirleach** | An Dr. J. J. Lynch |
| **Na Stiúrthóirí** | An tUasal R. Byrne,<br>An tUasal P. Cullen,<br>An tUasal G. Duggan,<br>An tUasal P. Gaffney,<br>M. Johnson Uasal,<br>An tUasal E. Murphy,<br>An tUasal C. Perry |
| **An Príomhfheidhmeannach** | An tUasal A. R. Fearn |
| **An Rúnaí** | G. Finucane Uasal |
| **Oifig Chláraithe** | Stáisiún Uí Chonghaile,<br>Baile Átha Cliath 1. |
| **Teileafón** | +353 1 836 3333 |
| **Facsimile** | +353 1 836 4760 |
| **Láithreán Gréasáin** | www.irishrail.ie |
| **Uimhir Chláraithe** | 119571 |
| **Iniúchóirí** | PricewaterhouseCoopers,<br>Cuntasóirí Cairte agus<br>Iniúchóirí Cláraithe,<br>Plás Wilton,<br>Baile Átha Cliath 2 |

# Tuarascáil na Stiúrthóirí

Cuireann na stiúrthóirí a dtuarascáil bhliantúil i láthair faoi réir a n-oibleagáidí faoi Achtanna na gCuideachtaí 1963 go dtí 2006 de chuid na hÉireann agus faoin Acht Iompair (Córas Iompair Éireann a Atheagrú) 1986. Ullmhaíodh cuntais na cuideachta agus na nótaí a bhaineann leo, atá mar chuid de na cuntais agus atá san áireamh sa tuarascáil seo, roimh ré faoi réir chaighdeáin chuntasaíochta a nglactar leo go ginearálta in Éirinn.

## Príomh-Ghníomhaíochtaí agus Athbhreithniú Airgeadais

Is iad príomhghníomhaíochtaí na Cuideachta seirbhísí paisinéirí iarnróid InterCity agus Comaitéara, seirbhísí lastais a chur ar fáil agus Europort Ros Láir a bhainistiú.

Tá 100% de scairchaipiteal eisithe na Cuideachta i seilbh Chóras Iompair Éireann, ar comhlacht reachtúil é atá faoi lánúinéireacht Rialtas na hÉireann agus a thuairiscíonn chuig an Aire Iompair.

Thaifead Iarnród Éireann barrachas oibríochta de €23.3m sa bhliain 2006. Laghdaigh muirear mhír eisceachtúil de €27.4m do chostais athstruchtúraithe a bhain leis an mbonn costas agus na gnóthaí Lastais agus Lónadóireachta a chuíchóiriú an barrachas seo agus ba é an toradh a bhí air sin ná easnamh foriomlán de €4.1m don bhliain 2006. B'ionann ioncam iomlán na Cuideachta agus €227.7m sa bhliain 2006, ardú €5.4m nó 2.4% ar ioncam na bliana 2005. Léiríonn ioncam ó phaisinéirí arb ionann é agus €167.1m ardú 10.7% ar an mbliain 2005 agus tháinig ardú 14.9% ar líon na dturas paisinéirí, ó 37.7 milliún turas sa bhliain 2005 go 43.3 milliún turas i 2006. Baineann na harduithe sin go príomha leis na limistéir chomaitéara inar cuireadh le hacmahinneacht trí mheascán de sheirbhísí níos minicí agus traenacha níos faide.

B'ionann an íocaíocht oibleagáide seirbhíse poiblí agus €188.7 milliún i gcomparáid le €180 milliún sa bhliain 2005. Ina theannta sin, fuarthas fóirdheontas €1m ó CIÉ (2005 nialas).

Ba chrua an bhliain a bhí i 2006 don ghnó Lastais. Tá an bonn ioncaim laghdaithe go mór de bhrí gur cailleadh trácht an bhiatais siúcra mar aon le trácht na gceaigeanna. Rinneadh dianiarrachtaí an struchtúr costais a thabhairt ar ais sa chaoi is go dtiocfadh sé le cumas tuillimh ioncaim an ghnó. Beidh gá le tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh maidir leis sin sa bhliain 2007 chun an cuspóir sin a bhaint amach.

Tá an Chuideachta ag leanúint lena fócas láidir ar chaighdeán agus ar éifeachtúlacht a seirbhísí a fheabhsú do gach custaiméir.

Agus monatóireacht á déanamh ar fheidhmíocht na Cuideachta, athbhreithníonn na stiúrthóirí mar aon leis an Roinn Iompair raon de phríomhtháscairí feidhmíochta oibríochta agus airgeadais, go rialta. Braitheann lánίocaíocht na hoibleagáide seirbhíse poiblí ar spriocanna a chomhaontaítear go bliantúil idir an Chuideachta agus an Roinn Iompair a bhaint amach. Tá na Stiúrthóirí sásta a thuairisciú gur íocadh an oibleagáid seribhíse poiblí iomlán leis an gCuideachta mar gur éirigh leis an gCuideachta na spriocanna sin a bhaint amach sa bhliain 2006. Tá athbhreithniú mionsonraithe feidhmíochta san áireamh san Athbhreithniú Oibríochta.

Tá Iarnród Éireann tiomanta riosca a bhainistiu ar shlí chórasach agus ar shlí dhisciplíneach. Aithnítear na príomhrioscaí a bhíonn os comhair na Cuideachta agus forbraítear pleananna gnímh chun na rioscaí a mhaolú trí phróiseas bhainistiú riosca feadh an fhiontair. Is ardtosaíocht é sábháilteacht an iarnróid don Chuideachta i gcónaí agus léirítear é sin sa chlár riosca. Tá eachtraí móra oibríochta, gníomhartha sceimhlitheoireachta, caillteanas chumarsáid oibríochta agus mainneachtain sheasmhach freastal ar a mbíonn custaiméirí agus geallsealbhóirí eile ag súil leis san áireamh sna rioscaí is tromchúisí.

Tá an Chuideachta ag leanúint ar aghaidh ag infheistiú i rothra agus i dtionscadail infrastruchtúir agus bhí an méid seo a leanas san áireamh sna tionscadail infheistíochta caipitil a rabhthas ina mbun i rith na bliana 2006:

- Uasghrádú DART
- Ceannachán 67 carráiste InterCity
- Clár Sábháilteachta & Athnuachana

- Ceannachán 150 carr iarnróid díosail réigiúnacha
- Línte réigiúnacha a athchomharthú
- Inrochtaineacht níos fearr do na daoine sin atá faoi bhac gluaiseachta agus céadfach

Tá na ráitis airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2006 leagtha amach go sonrach ar leathanaigh 20 go 47.

## An Bord

Rialaítear an Chuideachta trína bhord Stiúrthóirí. Is iad príomhrólanna an bhoird oibriú na Cuideachta a mhaoirsiú, ceannaireacht a chur ar fáil don Chuideachta, cuspóirí straitéiseacha na Cuideachta a cheadú agus a chinntiú go gcuirtear na hacmhainní riachtanacha airgeadais agus eile ar fáil dóibh chun a chur ar a gcumas na cuspóirí sin a bhaint amach. Tá sceideal ábhar ann a bhíonn coinnithe don bhord, a mbíonn cruinnithe míosúla acu, lena cheadú.

## Cód Cleachtais do Rialachas Chomhlachtaí Stáit

Is tosaíocht do Stiúrthóirí Iarnród Éireann é ardchaighdeáin rialachais chorparáidigh a chothabháil. Tá a pholasaí rialachais chorparáidigh forbartha ag an mbord le go dtabharfar éifeacht don Chód Cleachtais do Rialachas Chomhlachtaí Stáit arna eisiúint ag an Roinn Airgeadais.

Tá mionsonraí na bpolasaithe agus na nósanna imeachta a chuir an chuideachta i bhfeidhm tar éis don Chód Cleachtais do Rialachas Chomhlachtaí Stáit a bheith foilsithe leagtha amach i gcuntas ghrúpa Chóras Iompair Éireann.

## Rialú Inmheánach

Tá Grúpa Athbhreithnithe Iniúchta i bhfeidhm ag bord Iarnród Éireann chun athbhreithniú a dhéanamh ar na cuntais bhliantúla, na rialuithe inmheánacha agus ar chúrsaí comhlíonta, ar éifeachtacht iniúchta inmheánaigh agus seachtraigh agus ar bhainistiú riosca. Tá grúpaí comhairleacha ceaptha ag an mbord chomh maith chun monatóireacht a dhéanamh ar bhainistiú tionscadal na mórthionscadal infrastruchtúir agus rothra. Tá Grúpa Comhairleach Sábháilteachta agus Grúpa Comhairleach Oibríochtaí bunaithe freisin chun cuidiú leis an mbord monatóireacht a dhéanamh ar phríomhréimsí gnó. Tá tuilleadh mionsonraí maidir le córas rialaithe inmheánaigh na Cuideachta leagtha amach i dtuarascáil bhliantúil Ghrúpa Chóras Iompair Éireann.

## Faisnéis

Scaiptear tuarascálacha agus páipéir ar na Stiúrthóirí ar shlí thráthúil mar ullmhúchán do chruinnithe boird agus Coiste. Bíonn faisnéis bhreise i dteannta na bpáipéar sin a bhíonn iarrtha go sonrach ag na Stiúrthóirí ó am go ham.

Faigheann na Stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin cuntais bhainistíochta tréimhsiúla agus tuarascálacha agus faisnéis bhainistíochta rialta a chuireann ar a gcumas feidhmíocht na Cuideachta agus na mbainisteoirí a iniúchadh in aghaidh cuspóirí comhaontaithe.

## Gnóthas Leantach

Tá na cuntais ullmhaithe ar bhonn an ghnóthais leantaigh agus tuairiscíonn na Stiúrthóirí go bhfuil siad sásta gur gnóthas leantach í an Chuideachta mar go bhfuil acmhainní dóthanacha ag an gCuideachta chun leanúint ar aghaidh i mbun gnó chomh fada agus is léir dúinn amach anseo. Agus iad ag teacht ar an tuairim sin, tá athbhreithniú déanta ag na Stiúrthóirí ar an mbuiséad don bhliain 2007, ar na pleananna don mheántéarma agus ar an togra go gcuirfidh Córas Iompair Éireann acmhainní leordhóthanacha ar fáil chun riachtanais iasachta Iarnród Éireann do 2007 agus 2008 a mhaoiniú.

## Leabhair Chuntais

Tá curtha in iúl ag an Stiúrthóirí go bhfuil a ndualgas leabhair chuntais chuí a choimeád comhlíonta acu trí chórais agus nósanna imeachta chuí a úsáid agus trí

fhoireann cháilithe a fhostú. Tá na leabhair chuntais á gcoimeád ag ceannoifig na Cuideachta i Stáisiún Uí Chonghaile, Sráid Amiens, Baile Átha Cliath 1.

## An tAcht um Shábháilteacht Iarnróid 2005

Achtaíodh an tAcht um Shábháilteacht Iarnróid 2005 i mí na Nollag 2005 a thug stádas neamhspleách don Choimisiún Sábháilteachta Iarnróid ón mbliain 2006. Cuireadh clásálacha sainiúla éagsúla den Acht i bhfeidhm i rith na bliana 2006 trínar tugadh éifeacht do na nithe seo a leanas; na ceanglais ceadú an Choimisiúin Sábháilteachta Iarnróid maidir le Cás Sábháilteachta de chuid Iarnród Éireann, oibreacha nua infrastruchtúir a thógáil agus a chur i seirbhís agus do rothra nua nó rothra atá athraithe go mór a rith go trialach nó a chur i seirbhís. Cuireadh Cás Sábháilteachta Iarnród Éireann faoi bhráid an Choimisiúin i rith mhí Dheireadh Fómhair 2005 agus fuarthas deimhniú glactha arna eisiúint ag an gCoimisiún Sábháilteachta Iarnróid an 30 Eanáir 2007. Tá Iarnród Éireann, dá bhrí sin, ag oibriú agus na ceanglais chuí den Acht um Shábháilteacht Iarnróid, 2005 á gcomhlíonadh aige.

## Rialacháin maidir le hÍocaíocht Mhall in Idirbhearta Tráchtála 2002

Admhaíonn na stiúrthóirí a bhfreagracht maidir lena chinntiú, i ngach gné ábhartha, go gcomhlíonfar forálacha na Rialachán maidir le hÍocaíocht Mhall in Idirbhearta Tráchtála 2002. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm chun na dátaí ar fad ar a mbíonn sonraisc dlite a íoc a aithint agus lena chinntiú go ndéanfar íocaíochtaí faoi na dátaí sin. Cuireann nósanna imeachta mar sin dearbhú réasúnach ar fáil i gcoinne neamhchomhlíonadh ábhartha maidir leis na rialacháin.

## Rúnaí na Cuideachta

Is fostaí lánaimseartha de chuid Máthair-Chuideachta na Cuideachta, Córas Iompair Éireann í Rúnaí na Cuideachta. Tá Rúnaí na Cuideachta freagrach as comhairle a thabhairt don bhord, tríd an gCathaoirleach, maidir leis na cúrsaí rialachais go léir. Tá rochtain ag gach Stiúrthóir ar chomhairle agus ar sheirbhísí Rúnaí na Cuideachta. Foráiltear in Airteagail Chomhlachais na Cuideachta gur ábhar do na Stiúrthóirí é Rúnaí na Cuideachta a cheapadh agus a chur as oifig.

## Stiúrthóirí

Ceapann Cathaoirleach Chóras Iompair Éireann le toiliú an Aire Iompair stiúrthóirí na cuideachta. Tá ainmneacha na ndaoine a bhí ina stiúrthóirí ag tráth ar bith le linn na bliana dar chríoch, 31 Nollaig 2006 leagtha amach thíos. Ach amháin san áit a léirítear sin, d'fhóin na stiúrthóirí don bhliain iomlán.

**An Dr. J. J. Lynch**
Cathaoirleach

**An tUasal R. Byrne**
(Athcheaptha 23 Meán Fómhair 2006)

**An tUasal P. Cullen**
(Athcheaptha 1 Eanáir 2007)

**An tUasal G. Duggan**
(Athcheaptha 9 Feabhra 2006 agus 9 Feabhra 2007)

**An tUasal P. Gaffney**
(Athcheaptha 1 Eanáir 2007)

**M. Johnson Uasal**
(Athcheaptha 1 Eanáir 2007)

**An tUasal E. Murphy**
(Athcheaptha 23 Meán Fómhair 2006)

**An tUasal C. Perry**
(Athcheaptha 23 Meán Fómhair 2006)

Ní raibh aon leas in aon scaireanna ná bintiúir de chuid na cuideachta, de chuid a cuideachta sealbhaíochta nó a comh-fhochuideachtaí ag aon duine de na stiúrthóirí ná ag an rúnaí ag aon tráth i rith na bliana. Ní dheachthas i

mbun aon chonarthaí ná socruithe i rith na bliana i ndáil le gnó an Ghrúpa ina raibh leas ag Stiúrthóir. Tá gnáthscair amháin i seilbh Rúnaí na Cuideachta mar ainmní de chuid Bhord Chóras Iompair Éireann.

## Iniúchóirí

Léirigh na hiniúchóirí, PricewaterhouseCoopers, Cuntasóirí Cairte agus Iniúchóirí Cláraithe a dtoilteanas leanúint in oifig de réir Alt 160(2) d'Acht na gCuideachtaí, 1963.

Thar ceann an bhoird

**An Dr. J. J. Lynch** *Cathaoirleach*

**An tUasal R. Byrne** *Stiúrthóir*

4 Aibreán 2007.

# Ráiteas d'Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí

Tá na stiúrthóirí freagrach as an tuarascáil bhliantúil agus na ráitis airgeadais a ullmhú de réir dlí infheidhme na hÉireann agus de réir cleachtais chuntasaíochta a nglactar leo go ginearálta in Éirinn, lena n-áirítear na caighdeáin chuntasaíochta arna n-eisiúint ag an mBord Caighdeán Cuntasaíochta agus arna bhfoilsiú ag Institiúid Cuntasóirí Cairte na hÉireann.

Ceanglaíonn dlí cuideachtaí na hÉireann ar na stiúrthóirí ráitis airgeadais a ullmhú do gach bliain airgeadais a thugann léargas fíorcheart ar staid chúrsaí na cuideachta agus ar bharrachas nó easnamh na cuideachta don bhliain sin.

Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, ceanglaítear ar na stiúrthóirí:

- polasaithe cuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a fheidhmiú go comhleanúnach;
- gach breithiúnas nó meastachán a dhéanamh go réasúnach agus stuama; agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh, sin mura mbíonn sé mí-oiriúnach glacadh leis go leanfaidh an chuideachta lena gnó.

Deimhníonn na stiúrthóirí gur chomhlíon siad na ceanglais thuas agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú acu.

Tá na stiúrthóirí freagrach as taifid chuntais chuí a choinneáil a léiríonn le cruinneas réasúnach ag aon tráth, staid airgeadais na cuideachta, agus a chuireann ar a gcumas a chinntiú go mbíonn na ráitis airgeadais ullmhaithe de réir na gcaighdeán cuntasaíochta atá glactha go ginearálta in Éirinn agus go bhfuil said ag cloí le hAchtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2006. Tá siad freagrach freisin as sócmhainní na cuideachta a chosaint agus as sin, as céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

# Tuarascáil na nIniúchóirí

## Tuarascáil na nIniúchóirí Neamhspleácha chuig Comhaltaí Iarnród Éireann

Rinneamar iniúchadh ar na ráitis airgeadais ar leathanaigh 20 go 47. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais seo faoi na polasaithe cuntasaíochta atá leagtha amach sa ráiteas ar pholasaithe cuntasaíochta ar leathanaigh 20 go 22.

## Freagrachtaí na Stiúrthóirí agus na nIniúchóirí faoi seach

Tá freagrachtaí na stiúrthóirí maidir leis an Tuarascáil Bhliantúil agus na ráitis airgeadais a ullmhú de réir dlí infheidhme in Éirinn mar aon le caighdeáin chuntasaíochta arna n-eisiúint ag an mBord Caighdean Cuntasaíochta (Cleachtas Cuntasaíochta a nGlactar go Ginearálta leis in Éirinn) mar atá leagtha amach ar leathanach 17 sa Ráiteas d'Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí.

Is é an fhreagracht atá orainne iniúchóireacht a dhéanamh ar na ráitis airgeadais de réir mar atá dlite faoin dlí agus le rialáil agus de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (An Ríocht Aontaithe agus Éire). Ullmhaíodh an tuarascáil seo, lena n-áirítear an tuairim, do chomhaltaí na cuideachta, agus dóibhsean amháin, mar chomhlacht, de réir Alt 193 d'Acht na gCuideachtaí, 1990 agus ní d'aon chríocha eile. Ní thógaimid ná ní ghlacaimid le freagracht, agus sinn ag léiriú ár dtuairim, as aon chríocha eile nó as aon duine eile a dtaispeánfar an tuarascáil seo dóibh nó i cibé lámha a bhféadfadh sé dul seachas nuair a bhíonn sin comhaontaithe roimh ré i scríbhinn.

Tuairiscímid ár dtuairim cibé an dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom agus an bhfuil siad ullmhaithe de réir Chleachtais Chuntasaíochta a nGlactar go Ginearálta leo in Éirinn agus go bhfuil siad ullmhaithe go cuí de réir reachtaíocht na hÉireann a chuimsíonn Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go dtí 2006. Luaimid an bhfuaireamar an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad a mheasamar a bheith riachtanach chun críche ár n-iniúchta agus cibé an dtagann na ráitis airgeadais leis na leabhair chuntais. Tuairiscímid freisin cibé inár dtuairim:

- an bhfuil leabhair chuntais chuí coimeádta ag an gcuideachta;
- an bhfuil tuarascáil na stiúrthóirí ag teacht leis na ráitis airgeadais; agus
- ag dáta an chláir chomhardaithe an raibh staid airgeadais ann a d'fhéadfadh a cheangal ar an gcuideachta cruinniú ginearálta urghnách a thionól; d'fhéadfadh staid airgeadais den sórt sin a bheith ann mura mbíonn glan-sócmhainní na cuideachta, mar atá luaite i gclár comhardaithe na cuideachta, níos mó ná leath a scairchaipiteal glaoite.

Tuairiscímid freisin, mura dtugtar, inár dtuairim féin, aon fhaisnéis atá sonraithe le dlí maidir le luach saothair na stiúrthóirí agus idirbhearta na stiúrthóirí, agus nuair is indéanta sin, cuirimid faisnéis den sórt sin san áireamh inár dtuarascáil.

Léamar an fhaisnéis eile atá sa Tuarascáil Bhliantúil agus breithnímid cibé an bhfuil sé ag teacht leis na ráitis airgeadais iniúchta. Níl ach Tuarascáil na Stiúrthóirí agus an tAthbhreithniú Oibríochta san fhaisnéis eile sin. Breithnímid na himpleachtaí má thugaimid faoi deara aon mhíráitis dhealraitheacha nó aon neamhréireachtaí ábhartha leis na raitis airgeadais. Ní shíneann ár bhfreagrachtaí chuig aon fhaisnéis eile.

## Bunús leis an Tuairim Iniúchóireachta

Chuathas i mbun na hiniúchóireachta de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (An Ríocht Aontaithe agus Éire) arna n-eisiúint ag Bord na gCleachtas Iniúchóireachta. Déantar, mar chuid den iniúchóireacht, iniúchadh, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann le méideanna agus faisnéis a nochtaítear sna ráitis airgeadais. Déantar mar chuid de chomh maith measúnú ar na meastacháin agus na breithiúnais shuntasacha a rinne na stiúrthóirí agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus ar oiriúnacht na bpolasaithe cuntasaíochta d'imthosca na cuideachta agus an bhfuil siad á gcur i bhfeidhm go comhsheasmhach agus á nochtadh ar shlí leordhóthanach.

# Tuarascáil na nIniúchóirí (ar lean)

Pleanáladh an t-iniúchadh agus cuireadh i gcrích é sa chaoi agus go bhfuarthas gach faisnéis agus míniúchán a measadh ba ghá chun dóthain fianaise a chur ar fáil chun cinnteacht réasúnta a chur ar fáil go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha a d'eascródh ó chalaois nó mírialtacht nó earráid. Agus sinn ag teacht ar an tuairim sin, rinneadh dóthaineacht fhoriomlán chur i láthair na faisnéise sna ráitis airgeadais a mheas chomh maith.

## Tuairim

Inár dtuairim:

- tugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom ar staid chúrsaí na cuideachta amhail an 31 Nollaig 2006 de réir Chleachtais Chuntasaíochta a nGlactar go Ginearálta leo in Éirinn agus ar a chaillteanas agus ar shreabhadh airgid don bhliain dár chríoch amhlaidh, agus
- ullmhaíodh go cuí iad de réir Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2006.

Fuaireamar an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad a mheasamar a bheith riachtanach chun críche ár n-iniúchta. Is é ár dtuairim go bhfuil leabhair chuntais chuí á gcoimeád ag an gcuideachta. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

Is é ár dtuairim go bhfuil an fhaisnéis a thugtar i dtuarascáil na stiúrthóirí ar leathanaigh 13 go 16 ag teacht leis na ráitis airgeadais.

Tá glan-sócmhainní na cuideachta, mar a luaitear sa chlár comhardaithe ar leathanach 24, níos mó ná leath an méid scairchaipitil ghlaoite agus, inár dtuairim, ar an mbonn sin ní raibh staid airgeadais ann an 31 Nollaig 2006, a d'éileodh, faoi Alt 40(1) d'Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1983, cruinniú ginearálta neamhghnách den chuideachta a thionól.

**PricewaterhouseCoopers**
Cuntasóirí Cairte agus Iniúchóirí Cláraithe
Cé Sheoirse
Baile Átha Cliath 2

4 Aibreán 2007.

# Príomhpholasaithe Cuntasaíochta

Is iad seo a leanas na polasaithe cuntasaíochta suntasacha agus na teicnící meastacháin atá glactha ag an gcuideachta:

## (A) Bunús an Ullmhaithe

Ullmhaítear na ráitis airgeadais de réir caighdeáin chuntasaíochta a nglactar go ginearálta leo in Éirinn agus i reachtaíocht na hÉireann atá comhdhéanta d'Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2005. Is iad na caighdeáin chuntasaíochta a nglactar go ginearálta leo in Éirinn ó thaobh ullmhú ráitis airgeadais chun dearcadh fíor agus cothrom a thabhairt ná iad sin arna bhfoilsiú ag Institiúid Cuntasóirí Cairte na hÉireann agus arna n-eisiúint ag an mBord Caighdeán Cuntasaíochta.

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil.

Caitear le Dubel Limited, fochuideachta atá in úinéireacht iomlán, mar bhrainse d'Iarnród Éireann do chríocha cuntasaíochta.

Tá comparáidí na bliana roimhe seo athbhreithnithe chun teacht le cur i láthair na bliana reatha.

## (B) Sócmhainní Inláimhsithe agus Dímheas

Is mar seo a leanas a ríomhtar dímheas:

**(i) Línte agus oibreacha iarnróid**
Tá córas líonraí comhdhéanta de línte agus d'oibreacha iarnróid. Déileáiltear le caiteachas ar an líonra reatha, a choimeádann an cumas oibríochta de réir caighdeáin sainmhínithe na seirbhíse, mar ábhar breise do na sócmhainní seasta inláimhsithe agus áirítear é ag costas tar éis deontais a asbhaint.

Is é an muirear dímheasa do línte agus d'oibreacha iarnróid reatha ná an leibhéal measta caiteachais bliantúil atá riachtanach chun cumas oibríochta an líonra a choimeád agus tá sin bunaithe ar phlean bainistíochta sócmhainní na cuideachta.

Déileáiltear le caiteachas ar an líonra, a ardaíonn a chumas nó a chuireann lena chumas oibríochta mar ábhar breise do na sócmhainní seasta inláimhsithe ag costas a dhímheastar thar a saol úsáideach.

**(ii) Rothra iarnróid**
Dímheastar gluaisinnill (seachas iad sin a dhímheastar go hiomlán nó a fhaightear gan costas), trí thráthchodanna bliantúla comhionanna, ar an mbunús leathadh a gcostas stairiúil thar a saoil úsáideacha measta.

Dímheastar carranna iarnróid, stoc cóiste agus vaigíní freisin, trí thráthchodanna bliantúla comhionanna, ar an mbunús leathadh a gcostais stairiúil thar a saoil úsáideacha measta.

**(iii) Feithiclí lastais bóthair**
Dímheastar na sócmhainní sin ar an mbunús leathadh a gcostas stairiúil thar a saoil úsáideacha measta trí úsáid a bhaint as suim an mhodh digití.

**(iv) Dugaí, calafoirt agus calaí; fearas agus innealra; trealamh seirbhísí lónadóireachta**
Dímheastar an aicme sócmhainní thuas trí thráthchodanna bliantúla comhionanna, ar an mbunús leathadh a gcostais stairiúil thar a saoil úsáideacha measta.

**(v) Foirgnimh**
Dímheastar foirgnimh, trí thráthchodanna bliantúla comhionanna, ar an mbunús leathadh a gcostais stairiúil thar saol caoga bliain.

## (C) Sócmhainní ar Léas

**(i) Léasanna airgeadais**
Tá cuntas déanta ar shócmhainní a choimeádtar faoi léasanna airgeadais de réir SSAP 21 (Ag cuntasú do Chonarthaí Léasanna agus Fruilcheannaigh). Tá costais chaipitil na sócmhainní sin san áireamh le sócmhainní inláimhsithe agus déantar iad a dhímheas thar an tréimhse is giorra de théarma an léasa nó saol úsáideach na sócmhainne. Tá gnéithe caipitil na n-oibleagáidí cíosa amuigh san áireamh i gcreidiúnaithe. Gearrtar muirir

airgeadais sa chuntas brabúis agus caillteanais comhdhlúite thar phríomhthréimhse an léasa.

**(ii) Léasanna Oibríochta**
Muirearaítear íocaíochtaí cíosanna faoi léasanna oibríochta chuig an gcuntas ioncaim agus caiteachais de réir mar a thabhaítear iad.

## (D) Stoic

Luacháiltear ábhair agus páirteanna breise ag a meánchostas nó ag a nglanluach inréadaithe, cibé is lú.

Díscríobhtar stoic ar eol go bhfuil siad imithe i léig ag dáta an chláir chomhardaithe agus déantar soláthar i ndáil le stoic a d'fhéadfadh dul in éag amach anseo.

## (E) Deontais an Aontais Eorpaigh agus ón Státchiste

**(i) Deontais do línte agus d'oibreacha iarnróid atá ann cheana**
Asbhaintear deontais a fuarthas do línte agus d'oibreacha iarnróid atá ann cheana as costas na sócmhainní gaolmhara.

Níl an polasaí sin de réir Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1986 a éilíonn sócmhainní seasta inláimhsithe a bheith léirithe ag costas agus dá réir deontais agus ranníocaíochtaí mar ioncam iarchurtha. Níltear ag cloí le riachtanais Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1986 mar, dar leis na mBord, go bhfuil sé riachtanach go léireodh na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom mar nach bhfuil saoil inbhraite ag na línte agus ag na hoibreacha iarnróid sin agus dá réir nach mbeadh aon bhunús ann trína n-athneofaí deontais agus ranníocaíochtaí agus ioncam iarchurtha.

**(ii) Deontais do chaiteachas caipitil eile**
Déantar deontais do chaiteachas caipitil eile a chur chun sochair ioncam iarchurtha de réir mar a bhíonn siad infhaighte. Déantar iad a amúchadh chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais ar an mbonn céanna a ndéanfar na sócmhainní gaolmhara a dhímheas.

**(iii) Deontais ioncaim**
Tugtar deontais ioncaim chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais comhdhlúite sa bhliain a fhaightear iad.

**(iv) Deontais infheistíochta sábháilteachta**
Amúchtar deontais infheistíochta sábháilteachta chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais trí thagairt don Chlár Infheistíochta Sábháilteachta.

## (F) Airgead Coigríche

Aistrítear idirbhearta a bhíonn in airgeadra coigríche go euro ag an ráta a bhíonn ag rialú ag dáta an idirbhirt, nó ag rátaí conartha nuair a bhíonn na méideanna iníoctha nó infhaighte clúdaithe ag réamhchonarthaí.

Déileáiltear le gnóthachain nó caillteanais mhalartaithe réalaithe ar idirbhearta a shocraítear i rith na bliana mar chuid den bharrachas nó den easnamh don bhliain ó ghnáthghníomhaíochtaí.

Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgid a bhíonn ainmnithe in airgeadra coigríche ag na rátaí malartaithe a bhíonn i bhfeidhm ag dáta an chláir chomhardaithe nó ag rátaí conartha nuair is infheidhme.

## (G) Pinsin

Déantar an costas ionchais maidir le pinsin a soláthar d'fhostaithe a mhuirearú chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais de réir mar a thabhaítear é thar thréimhse fostaíochta fostaithe inphinsin. Ríomhtar an costas, agus leas á bhaint as comhairle ó achtúirí neamhspleácha, ag an ráta a mheastar a bheith ina chéatadán cobhsaí de phá inphinsin. Scaiptear athruithe ó chostais phinsin rialta, arna sainaithint ag luachálacha achtúireacha tréimhsiúla, thar mheánfhadanna saoil ionchais seirbhíse fanta de chuid comhaltaí na scéime.

Déantar soláthar do chostas caipitil na bpinsean forlíontach agus muirearaítear chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais iad sa bhliain a n-aithnítear scaoileadh an fhostaí lena mbaineann agus cuirtear san áireamh é i gcostas an scaoilte.

## (H) Costais Infrastruchtúir Iarnróid

De réir Threoir Chomhairle AE 91/440 éilítear ar Iarnród Éireann a chinntiú go gcoimeádtar na cuntais don ghnó seirbhísí iompair agus iad sin don ghnó bainistíochta an infrastruchtúir iarnróid ar leithligh. Breithnítear na costais infrastruchtúir de réir Iarscríbhinn 1.A de Rialachán an AE Uimhir 2598/70.

# Cuntas Brabúis agus Caillteanais

| | Nótaí | Iomlán 2006 €000 | Míreanna Eisceachtúla Oibriochta 2006 €000 | Oibríochtaí leanúnacha roimh na Míreanna Eisceachtúla 2006 €000 | Iomlán 2005 €000 | Míreanna Eisceachtúla Oibriochta 2005 €000 | Oibríochtaí leanúnacha roimh na Míreanna Eisceachtúla 2005 €000 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | *Nóta 5* | | | *Nóta 5* | |
| **Ioncam** | | 227,696 | - | 227,696 | 222,284 | - | 222,284 |
| **Costais** | | | | | | | |
| Párolla agus costais ghaolmhara | 3 | (259,824) | (27,385) | (232,439) | (234,978) | (7,887) | (227,091) |
| Ábhair agus seirbhísí | 4 | (153,369) | - | (153,369) | (149,661) | - | (149,661) |
| Dímheas lúide amúchadh deontas caipitil | 6 | (17,458) | - | (17,458) | (19,257) | - | (19,257) |
| **Iomlán na gcostas oibríochta** | | (430,651) | (27,385) | (403,266) | (403,896) | (7,887) | (396,009) |
| **Brabús ar dhiúscairt sócmhainní inláimhsithe** | 7 | 576 | - | 576 | 109 | - | 109 |
| **Easnamh roimh ús agus deontais Stáit agus fóirdheontas CIÉ** | | (202,379) | (27,385) | (174,994) | (181,503) | (7,887) | (173,616) |
| Ús iníoctha | | | | | | | |
| - oibríochtúil | 8 | (3,254) | - | (3,254) | (2,752) | - | (2,752) |
| - infrastruchtúr iarnróid | 8 | (1,844) | - | (1,844) | (1,545) | - | (1,545) |
| **Ús iomlán** | | (5,098) | - | (5,098) | (4,297) | - | (4,297) |
| **Easnamh don bhliain roimh dheontais Stáit agus fóirdheontas CIÉ** | | (207,477) | (27,385) | (180,092) | (185,800) | (7,887) | (177,913) |
| Deontais Stáit- Oibleagáid Seirbhíse Poiblí | 9 | 188,716 | - | 188,716 | 179,990 | - | 179,990 |
| Deontais Stáit-deontas sábháilteachta iarnróid | 9 | 13,661 | - | 13,661 | 13,337 | - | 13,337 |
| (Easnamh)/barrachas don bhliain i ndiaidh deontais Stáit | 2(A) | (5,100) | (27,385) | 22,285 | 7,527 | (7,887) | 15,414 |
| **Fóirdheontas-CIÉ** | 2(A) | 1,000 | - | 1,000 | - | - | - |
| **(Easnamh)/barrachas don bhliain** | | (4,100) | (27,385) | 23,285 | 7,527 | (7,887) | 15,414 |
| Easnamh carntha ag tús na bliana | | (95,057) | | | (102,584) | | |
| **Easnamh carntha ag deireadh na bliana** | | (99,157) | | | (95,057) | | |

Baineann gach figiúr le gníomhaíochtaí leanúnacha na cuideachta.

Ní raibh aon ghnóthachain ná caillteanais aitheanta ann seachas iad sin atá sa chuntas brabúis agus caillteanais.

Thar ceann an bhoird

**An Dr. J .J. Lynch** *Cathaoirleach*

**An tUasal R. Byrne** *Stiúrthóir*

# Clár Comhardaithe

| **Amhail an 31 Nollaig** | *Nótaí* | **2006 €000** | 2005 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní seasta** | | | |
| Sócmhainní seasta inláimhsithe | *10* | **1,142,721** | 1,032,954 |
| Sócmhainní airgeadais | *11* | **20** | 20 |
| | | **1,142,741** | 1,032,974 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Stoic | *12* | **46,499** | 41,076 |
| Féichiúnaithe | *13* | **158,199** | 176,042 |
| Airgead sa bhanc agus airgead ar lámh | | **261** | 220 |
| | | **204,959** | 217,338 |
| **Creidiúnaithe** (méideanna ag titim dlite laistigh de bhliain amháin) | *14* | **(358,966)** | (354,354) |
| **Glandliteanais reatha** | | **(154,007)** | (137,016) |
| **Sócmhainní iomlána lúide dliteanais reatha** | | **988,734** | 895,958 |
| **Creidiúnaithe** (méideanna ag titim dlite i ndiaidh níos mó ná bliain amháin) | *15* | **(34,304)** | (39,576) |
| **Soláthairtí do dhliteanais agus do mhuirir** | *18* | **(64,514)** | (62,851) |
| **Ioncam iarchurtha** | *19* | **(859,183)** | (758,698) |
| | | **30,733** | 34,833 |
| **Maoinithe ag:** | | | |
| **Caipiteal agus cúlchistí** | | | |
| Scairchaipiteal glaoite | *20* | **29,204** | 29,204 |
| Cúlchiste athsholáthar sócmhainne | *21* | **100,686** | 100,686 |
| Cuntas brabúis agus caillteanais | | **(99,157)** | (95,057) |
| **Cistí scairshealbhóirí** | *22* | **30,733** | 34,833 |

Thar ceann an bhoird

**An Dr. J .J. Lynch** *Cathaoirleach*

**An tUasal R. Byrne** *Stiúrthóir*

# Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid

| **An bhliain dar chríoch an 31Nollaig** | *Nótaí* | **2006 €000** | 2005 €000 |
|---|---|---|---|
| **Glan-insreabhadh airgid isteach ó ghníomhaíochtaí oibríochta** | *23(A)* | **17,348** | 18,341 |
| **Seirbhísiú airgid** | | | |
| Ús íoctha | *8* | **(2,503)** | (1,423) |
| Eilimint úis de chíosléasuithe airgeadais | *8* | **(2,595)** | (2,874) |
| Deontas Stáit – Ús DART | *9* | **455** | 900 |
| **Eis-sreabhadh glan airgid ó sheirbhísiú airgid** | | **(4,643)** | (3,397) |
| **Gníomhaíochtaí infheistíochta** | | | |
| Sócmhainní inláimhsithe a cheannach | | **(242,492)** | (254,185) |
| Sócmhainní inláimhsithe a dhíol | | **614** | 109 |
| Deontais Chaipitil | | **248,829** | 316,851 |
| **Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | **6,951** | 62,775 |
| **Glan-insreabhadh airgid roimh bhainistiú ar acmhainní leachtacha agus maoiniú** | *23(B)* | **19,656** | 77,719 |
| **Bainistiú ar acmhainní leachtacha** | *23(B)* | **(19,768)** | (62,650) |
| **Maoiniú** | | | |
| Eilimint caipitil de chíosléasuithe airgeadais | | **(4,948)** | (4,615) |
| **Eisreabhadh glan airgid ó Mhaoiniú** | *23(B)* | **(4,948)** | (4,615) |
| **(Laghdú)/méadú in airgead tirim sa bhliain** | *23(B)* | **(5,060)** | 10,454 |
| **Réiteach ar ghlan-insreabhadh airgid go gluaiseacht i nglanfhiacha** | | | |
| (Laghdú)/méadú in airgead tirim sa bhliain | | **(5,060)** | 10,454 |
| Insreabhadh airgid ó iarmhéid cuideachta shealbhaíochta, maoiniú léasa agus tionscadail infheistíochta PFN maoinithe ag CIÉ | | **24,716** | 67,265 |
| Gluaiseacht i nglanfhiacha sa bhliain | | **19,656** | 77,719 |
| Glanfhiacha an 1 Eanáir | | **(146,932)** | (224,651) |
| **Glanfhiacha an 31 Nollaig** | | **(127,276)** | (146,932) |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

## 1. DEARCADH AIRGEADAIS

Mar atá tugtha faoi deara i gcuntais na mblianta roimhe seo, le linn 2003, ghlac bord Iarnród Éireann le plean bainistíochta chun an chuideachta a thabhairt ar ais go cobhsaíocht airgeadais.

Áirítear ar phríomhghnéithe an phlean seo laghdú ar líon na foirne, cuíchóiriú ar iostaí lasta iarnróid agus smacht docht ar chostais neamhfhostaíochta. Rinneadh dul chun cinn breise i 2006 agus measann na stiúrthóirí go n-éireoidh leis an gcuideachta na spriocanna airgeadais sin a bhaint amach. Tá sé i gceist acu leanúint le príomheilimintí an phlean seo a chur i bhfeidhm i 2007.

Agus na cuntais á gceadú, fuair na stiúrthóirí gealltanas ó Chóras Iompair Éireann go leanfaidh sé le hacmhainní dóthanacha airgeadais a chur ar fáil chun riachtanais iasachta na cuideachta a mhaoiniú do 2007 agus 2008. Bunaithe ar an ngealltanas sin, measann na stiúrthóirí gur oiriúnach an rud é leanúint leis na cuntais seo a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh.

## 2. ANAILÍS RANNACH AR CHUNTAS BRABÚIS AGUS CAILLTEANAIS

| **(A) Toradh na cuideachta** | **2006**<br>**€000** | 2005<br>€000 |
|---|---|---|
| **Easnamh oibríochta roimh ús oibríochta, Oibleagáid Seirbhíse Poiblí, deontais Stáit agus míreanna eisceachtúla;** | | |
| **Oibríochtaí iarnróid;** | | |
| Iarnród ar Phríomhlíne *(nóta 2B)* | **(58,742)** | (55,904) |
| Iarnród bruachbhailte *(nóta 2C)* | **(13,607)** | (19,416) |
| **Oibríochtaí iomlána iarnróid** | **(72,349)** | (75,320) |
| Fóirdheontas-CIÉ | **1,000** | - |
| Oibleagáid Seirbhíse Poiblí agus deontais Stáit d'oibríochtaí Iarnróid | **86,903** | 78,910 |
| **Barrachas oibríochta roimh ús oibríochta agus míreanna eisceachtúla:** | | |
| **Oibríochtaí Iarnróid (Seirbhísí Iónadóireachta san áireamh)** | **15,554** | 3,590 |
| **Cothabháil Infrastruchtúir** *(nóta 2D)* | **9,558** | 12,413 |
| **Lastas bóthair** *(nóta 2E)* | **(391)** | 359 |
| **Europort Ros Láir** *(nóta 2F)* | **3,086** | 3,240 |
| **Barrachas iomlán oibríochta don bhliain roimh ús oibríochta agus míreanna eisceachtúla** | **27,807** | 19,602 |
| Ús | **(5,098)** | (4,297) |
| Brabús ar dhiúscairt shócmhainní inláimhsithe | **576** | 109 |
| **Barrachas iomlán oibríochta roimh mhíreanna eisceachtúla** | **23,285** | 15,414 |
| Costais eisceachtúla oibríochta *(nóta 5)* | **(27,385)** | (7,887) |
| **(Easnamh)/barrachas don bhliain** | **(4,100)** | 7,527 |

Níl muirear cánach ar thorthaí na bliana mar nach dtógtar ioncaim áirithe den chuideachta i gcuntas do chuspóirí cánach.

## 2. ANAILÍS RANNACH AR CHUNTAS BRABÚIS AGUS CAILLTEANAIS *(ar lean)*

| **(B) Rannán iarnróid an Phríomhlíne** | **2006**<br>**€000** | 2005<br>€000 |
|---|---|---|
| **Ioncam** | | |
| Seirbhísí paisinéirí | **127,270** | 122,032 |
| Seirbhísí lastais | **13,014** | 17,809 |
| **Ioncam iomlán** | **140,284** | 139,841 |
| **Caiteachas** | | |
| Cothabháil ar rothra | **(47,200)** | (46,624) |
| Breosla | **(21,327)** | (16,200) |
| Caiteachais oibríochta agus eile | **(125,459)** | (127,492) |
| Dímheas oibríochta | **(23,059)** | (18,508) |
| Amúchadh ar dheontais chaipitil | **18,019** | 13,079 |
| **Caiteachas iomlán** | **(199,026)** | (195,745) |
| **Easnamh oibríochta roimh ús oibríochta agus Oibleagáid Seirbhíse Poiblí** | **(58,742)** | (55,904) |

| **(C) Rannán iarnróid bruachbhailte** | | |
|---|---|---|
| **Ioncam** | **51,902** | 42,019 |
| **Caiteachas** | | |
| Cothabháil ar rothra | **(16,991)** | (13,495) |
| Breosla (lena n-áirítear leictreachas tarraingthe) | **(7,482)** | (6,220) |
| Caiteachais oibríochta agus eile | **(38,036)** | (38,637) |
| Dímheas oibríochta | **(18,870)** | (16,775) |
| Amúchadh ar dheontais chaipitil | **15,870** | 13,692 |
| **Caiteachas iomlán** | **(65,509)** | (61,435) |
| **Easnamh oibríochta roimh ús oibríochta agus Oibleagáid Seirbhíse Poiblí** | **(13,607)** | (19,416) |

Áirítear i gCothabháil na bhfigiúr rothra i nóta 2(B) d'iarnród an Phríomhlíne agus nóta 2(C) den iarnród bruachbhailte iad;

| | | |
|---|---|---|
| - Muirear dímheasa | **2,512** | 2,258 |
| - Amúchadh ar dheontais | **1,510** | 1,268 |

## 2. ANAILÍS RANNACH AR CHUNTAS BRABÚIS AGUS CAILLTEANAIS *(ar lean)*

| (D) Cothabháil ar infrastruchtúr iarnróid | 2006 €000 | 2005 €000 |
|---|---|---|
| Ag cloí le Treoir 91/440 Chomhairle an AE, ríomhadh costais rannán infrastruchtúir an iarnróid mar seo a leanas: | | |
| Cothabháil ar línte agus oibreacha iarnróid | **(70,763)** | (66,800) |
| Athnuachan ar línte agus oibreacha iarnróid | **(68,662)** | (87,601) |
| Caiteachais oibríochta agus eile | **(28,060)** | (26,733) |
| Dímheas *(nóta 10 (d))* | **(17,793)** | (17,328) |
| Amúchadh ar dheontais chaipitil | **10,700** | 8,857 |
| **Caiteachas iomlán** | **(174,578)** | (189,605) |
| **Easnamh oibríochta roimh ús oibríochta iníoctha agus deontais Stáit** | **(174,578)** | (189,605) |
| Oibleagáid Infrastruchtúr Seirbhíse Poiblí | **111,584** | 110,080 |
| Maoiniú sábháilteachta Státchiste | **3,890** | 4,337 |
| Maoiniú athnuachana | **68,662** | 87,601 |
| | **184,136** | 202,018 |
| **Barrachas don bhliain roimh ús oibríochta iníoctha** | **9,558** | 12,413 |
| Cionroinnt Costas (lena n-áirítear ús oibríochta iníoctha) | | |
| **Rannán iarnróid an phríomhlíne** | **148,915** | 170,937 |
| **Rannán iarnróid bruachbhailte** | **25,663** | 18,668 |
| **Cothabháil infrastruchtúir costas iomlán** | **174,578** | 189,605 |

| (E) Rannán um lastas bóthair | | |
|---|---|---|
| **Ioncam** | **24,137** | 29,845 |
| **Costais oibríochta** | | |
| Cothabháil feithiclí agus trealaimh | **(756)** | (1,167) |
| Breosla | **(278)** | (413) |
| Caiteachais oibríochta agus eile | **(23,300)** | (27,668) |
| Dímheas oibríochta | **(194)** | (238) |
| **Caiteachas iomlán** | **(24,528)** | (29,486) |
| **(Easnamh)/Barrachas glan don bhliain** | **(391)** | 359 |

## 2. ANAILÍS RANNACH AR CHUNTAS BRABÚIS AGUS CAILLTEANAIS *(ar lean)*

| **(F) Rannán Europort Ros Láir** | **2006 €000** | 2005 €000 |
|---|---|---|
| **Ioncam** | | |
| Seirbhísí cuain | **11,373** | 10,579 |
| **Costais oibríochta** | | |
| Caiteachais cothabhála, oibríochta agus eile | **(7,187)** | (6,425) |
| Dímheas oibríochta | **(1,615)** | (1,446) |
| Amúchadh ar dheontais chaipitil | **515** | 532 |
| **Caiteachas iomlán** | **(8,287)** | (7,339) |
| **Barrachas oibríochta roimh ús iníoctha** | **3,086** | 3,240 |

| **(G) Oibleagáid Seirbhíse Poiblí, deontais Stáit, Maoiniú an AE agus an Státchiste** | | |
|---|---|---|
| **Leithdháilte chuig:** | | |
| Oibríochtaí iarnróid | **86,903** | 78,910 |
| Cothabháil Infrastruchtúr | **184,136** | 202,018 |
| | **271,039** | 280,928 |
| **Foinsí:** | | |
| Oibleagáid Seirbhíse Poiblí | **188,716** | 179,990 |
| Sábháilteacht Státchiste agus deontais eile | **13,661** | 13,337 |
| Athnuachan maoinithe ag an Státchiste | **68,662** | 67,015 |
| Athnuachan maoinithe ag an AE | - | 1,548 |
| Maoiniú iarchurtha | - | 19,038 |
| | **271,039** | 280,928 |

## 2. ANAILÍS RANNACH AR CHUNTAS BRABÚIS AGUS CAILLTEANAIS *(ar lean)*

**(H) Glan-bharrachas ó ghníomhaíochtaí roimh mhíreanna eisceachtúla**

| | Tráchtáil €000 | Sóisialta €000 | Iomlán €000 |
|---|---|---|---|
| **2006** | | | |
| Ioncam | 35,510 | 192,186 | 227,696 |
| Costais | (32,879) | (443,571) | (476,450) |
| Oibleagáid Seirbhíse Poiblí, deontais Stáit, maoiniú AE agus Státchiste | - | 271,039 | 271,039 |
| Fóirdheontas CIÉ | - | 1,000 | 1,000 |
| **Barrachas don bhliain** | 2,631 | 20,654 | 23,285 |
| Glantoradh 2005 | 3,527 | 11,887 | 15,414 |

Áirítear ar na gníomhaíochtaí tráchtála thuas rannán lasta bóthair, rannán seirbhísí lónadóireachta agus rannán Europort Ros Láir.

## 3. PÁROLLA AGUS COSTAIS GHAOLMHARA

| | 2006 €000 | 2005 €000 |
|---|---|---|
| **Costais foirne** | | |
| Tuarastail agus pá | 243,489 | 238,667 |
| Costais leasa shóisialaigh | 20,608 | 20,371 |
| Costais phinsin eile | 19,428 | 17,336 |
| | 283,525 | 276,374 |
| **Obair féin chaipitlithe, athnuachan agus obair innealtóireachta do ghrúpchuideachtaí** | (51,249) | (49,519) |
| **Glanchostais foirne** | 232,276 | 226,855 |
| **Luach saothair na Stiúrthóirí** | | |
| - seirbhísí mar stiúrthóirí | 60 | 26 |
| - luachanna saothair eile | 103 | 210 |
| **Iomlán luachanna saothair agus díolaíochtaí na stiúrthóirí** | 163 | 236 |
| **Costais phárolla agus costais ghaolmhara iomlána** | 232,439 | 227,091 |

## 3. PÁROLLA AGUS COSTAIS GHAOLMHARA *(ar lean)*

| | **Líon Foirne** | | Líon Foirne | |
|---|---|---|---|---|
| | **2006 Meán** | 2005 Meán | **amhail an 31 Nollaig 06** | amhail an 31 Nollaig 05 |
| Is iad líon na bhfostaithe de réir gníomhaíochta | | | | |
| ■ Oibríochtaí iarnróid (Seirbhísí lónadóireachta san áireamh) | **3,570** | 3,655 | **3,424** | 3,628 |
| ■ Infrastruchtúr | **1,242** | 1,268 | **1,212** | 1,250 |
| ■ Lastas bóthair | **79** | 108 | **50** | 97 |
| ■ Europort Ros Láir | **88** | 89 | **82** | 85 |
| **Fo-iomlán** | **4,979** | 5,120 | **4,768** | 5,060 |
| ■ Tionscadail | **338** | 343 | **346** | 316 |
| **Foriomlán-iomlán** | **5,317** | 5,463 | **5,114** | 5,376 |

## 4. ÁBHAIR AGUS SEIRBHÍSÍ

| Faightear easnamh don bhliain roimh ús agus deontais Stáit tar éis na nithe seo a leanas a mhuirearú faoi ábhair agus seirbhísí. | **2006 €000** | 2005 €000 |
|---|---|---|
| Costais oibríochta agus eile | **114,305** | 114,318 |
| Breosla agus tarraingt leictreach | **26,383** | 20,485 |
| Eilimh dhliteanais an Tríú Páirtí agus an fhostóra | **5,624** | 7,235 |
| Rátaí | **2,453** | 3,103 |
| Cíosléasuithe oibríochta | **4,505** | 4,422 |
| Luach saothair iniúchóirí | **99** | 98 |
| | **153,369** | 149,661 |

## 5. COSTAIS EISCEACHTÚLA OIBRÍOCHTA

| | **2006 €000** | 2005 €000 |
|---|---|---|
| Athstruchtúrú Gnó | **27,385** | 7,887 |

Mar chuid den Phlean Airgeadais 2003, thug an chuideachta scaoilíocaíochtaí deonacha agus clár luathscoir isteach. Ba é an costas measta i 2006, lena n-áirítear scaoilíocaíochtaí agus costais eile a bhaineann leis an gclár €27.385 milliún.

## 6. DÍMHEAS

| | **2006** | 2005 |
|---|---|---|
| | **€000** | €000 |
| Dímheas *(nóta 10)* | **64,093** | 57,011 |
| Amúchadh ar dheontais chaipitil *(nóta 19)* | **(46,635)** | (37,754) |
| **Dímheas iomlán** | **17,458** | 19,257 |

## 7. BRABÚS AR DHIÚSCAIRT SÓCMHAINNÍ INLÁIMHSITHE

| | **2006** | 2005 |
|---|---|---|
| | **€000** | €000 |
| Brabús ar dhiúscairt sócmhainní inláimhsithe | **576** | 109 |

## 8. ÚS INÍOCTHA

| | **2006** | 2005 |
|---|---|---|
| | **€000** | €000 |
| Ar iasacht ón gcuideachta shealbhaíochta | **2,503** | 1,423 |
| Ar léasanna airgeadais | **2,595** | 2,874 |
| | **5,098** | 4,297 |
| Ús cionnroinnte: | | |
| **Costais oibríochta** | **3,254** | 2,752 |
| **Costais infrastruchtúr iarnróid** *(nóta 2 (D))* | **1,844** | 1,545 |
| | **5,098** | 4,297 |

## 9. DEONTAIS STÁIT

Is de réir rialacháin iomchuí an AE a rialaíonn cúnamh Stáit maidir le gealltanais iompair iad na deontais atá iníoctha tríd an gcuideachta shealbhaíochta, Córas Iompair Éireann.

Tugtar sonraí faoi dheontais Stáit €456.9 milliún a fuarthas i 2006 sa tábla seo a leanas, a léiríonn an soláthar cuí de rialacháin an AE. Tugadh suim €35.4 milliún maidir le deontais a fuarthas ar fhoirgnimh ar ais chuig an gcuideachta shealbhaíochta.

| | Uimhir Rialacháin AE 1191/69 €000 | 1107/70 (Airteagal 4) €000 | Iomlán €000 |
|---|---|---|---|
| **Ioncam gaolmhar** | | | |
| **Iarnród an phríomhlíne** | | | |
| Oibriú seirbhísí paisinéirí | 151,163 | - | 151,163 |
| Easnamh iarmharach – Deontais Stáit | - | - | - |
| | 151,163 | - | 151,163 |
| **Iarnród bruachbhailte** | | | |
| Oibriú seirbhísí paisinéirí | 14,015 | - | 14,015 |
| **Fo-iomlán** | 165,178 | - | 165,178 |

| | Uimhir Rialacháin AE 1192/69 €000 | 1107/70 (Airteagal 3.1 [b]) €000 | Total €000 |
|---|---|---|---|
| **Caiteachas gaolmhar** | | | |
| **Iarnród príomhlíne** | | | |
| Cuntais a normalú | | | |
| - Aicme III (pinsin) | 12,524 | - | 12,524 |
| - Aicme IV (crosairí comhréidhe) | 6,382 | - | 6,382 |
| - Deontas infrastruchtúir (lastas) | - | 1,257 | 1,257 |
| | 18,906 | 1,257 | 20,163 |
| **Seirbhísí bruachbhailteach** | | | |
| **Cuntais a normalú** | | | |
| - Aicme III (pinsin) | 2,365 | - | 2,365 |
| - Aicme IV (crosairí comhréidhe) | 555 | - | 555 |
| | 2,920 | - | 2,920 |
| **Fo-iomlán** | 21,826 | 1,257 | 23,083 |

## 9. DEONTAIS STÁIT *(ar lean)*

| | | Iomlán €000 |
|---|---|---|
| **Iomlán** *(ón leathanach roimhe seo)* | | **188,261** |
| Cuir deontas Stáit leis d'ús DART – Rialachán AE 1191/69 | | **455** |
| **Fo-iomlán den Oibleagáid Seirbhíse Poiblí** | | **188,716** |
| Deontas stáit do PFN-2006 | 258,721 | |
| Cistí iarchurtha iar-CIÉ | 9,466 | |
| | | **268,187** |
| **Méid iomlán deontais Stáit a fuarthas** | | **456,903** |
| Cuireadh an méid iomlán maoinithe a fuarthas i bhfeidhm mar seo a leanas: | | |
| **An cuntas brabúis & caillteanais** | | |
| **Oibleagáid Seirbhíse Poiblí** | | **188,716** |
| **Deontas Ioncaim Sábháilteachta Iarnróid** | **13,661** | |
| **Creidmheas in aghaidh athnuachan línte agus oibreacha iarnróid** *(nóta10(a))* | **68,662** | |
| **Ioncam iarchurtha** *(nóta 19)* | **141,017** | |
| **Maoiniú iarchurtha** | **9,466** | |
| **Aistrithe go CIÉ do Thalamh & Foirgnimh** | **35,381** | |
| **Deontas stáit do PFN** | | **268,187** |
| **Iomlán** | | **456,903** |

## 10. SÓCMHAINNÍ SEASTA INLÁIMHSITHE

| Costas | 1 Eanáir 2006 €000 | Ahtróga €000 | Breiseanna €000 | Draimh & Diúscairtí €000 | 31 Nollaig 2006 €000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Línte agus oibreacha iarnróid | 977,503 | - | 83,277 | - | 1,060,780 |
| Rothra iarnróid | 857,885 | - | 88,306 | (2,207) | 943,984 |
| Feithiclí lastais bóthair | 6,836 | - | - | (312) | 6,524 |
| Gléasra agus innealra | 530,071 | - | 70,107 | (222) | 599,956 |
| Trealamh lónadóireachta | 1,130 | - | - | - | 1,130 |
| Dugaí, calafoirt agus calaí | 46,621 | - | 686 | - | 47,307 |
| Talamh agus foirgnimh | 1,278 | - | 181 | - | 1,459 |
| Obair chaipitil ar siúl | - | - | 3 | - | 3 |
| Fo-iomlán | 2,421,324 | - | 242,560 | (2,741) | 2,661,143 |
| Maoiniú faighte do línte agus d'oibreacha iarnróid | (732,209) | - | (68,662) | - | (800,871) |
| **Iomlán** | 1,689,115 | - | 173,898 | (2,741) | 1,860,272 |

| Dímheas | 1 Eanáir 2006 €000 | Athróga €000 | Muirear don bhliain €000 | Draimh & Diúscairtí €000 | 31 Nollaig 2006 €000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Línte agus oibreacha iarnróid | 912,510 | - | 72,085 | - | 984,595 |
| Rothra iarnróid | 274,658 | - | 33,013 | (2,207) | 305,464 |
| Feithiclí lastais bóthair | 6,495 | - | 190 | (306) | 6,379 |
| Gléasra agus innealra | 181,430 | - | 26,461 | (190) | 207,701 |
| Trealamh lónadóireachta | 1,086 | - | 44 | - | 1,130 |
| Dugaí, calafoirt agus calaí | 12,188 | - | 942 | - | 13,130 |
| Talamh agus foirgnimh | 3 | - | 20 | - | 23 |
| Fo-iomlán | 1,388,370 | - | 132,755 | (2,703) | 1,518,422 |
| Maoiniú faighte do línte agus d'oibreacha iarnróid | (732,209) | - | (68,662) | - | (800,871) |
| **Iomlán** | 656,161 | - | 64,093 | (2,703) | 717,551 |

## 10. SÓCMHAINNÍ SEASTA INLÁIMHSITHE *(ar lean)*

| | 2006<br>€000 | 2005<br>€000 |
|---|---|---|
| **Glan-leabharmhéid** | | |
| Línte agus oibreacha iarnróid | **76,185** | 64,993 |
| Rothra iarnróid | **638,520** | 583,227 |
| Feithiclí lastas bóthair | **145** | 341 |
| Gléasra agus innealra | **392,255** | 348,641 |
| Trealamh lónadóireachta | **-** | 44 |
| Dugaí, calafoirt agus calaí | **34,177** | 34,433 |
| Talamh agus foirgnimh | **1,436** | 1,275 |
| Obair chaipitil ar siúl | **3** | - |
| Iomlán | **1,142,721** | 1,032,954 |

(a) I gcomhlíonadh FRS 15, Sócmhainní Seasta Inláimhsithe, is é an bonn cuntasaíochta a dhéantar ar athnuachan oibreacha agus línte iarnróid an deontas in aghaidh chostas athnuachan an líonra iarnróid a chur chun sochair.

| | 2006<br>€000 | 2005<br>€000 |
|---|---|---|
| **Bhí caiteachas athnuachana agus deontais lena mbaineann mar seo a leanas** | | |
| Caiteachas athnuachana | **68,662** | 87,601 |
| Deontais stáit | **68,662** | 67,015 |
| Deontais AE | **-** | 1,548 |
| Maoiniú iarchurtha | **-** | 19,038 |
| | **68,662** | 87,601 |

(b) Is mar seo a leanas atá na saolta úsáideacha de na cineálacha éagsúla sócmhainní a bhfuiltear ag súil leo do chuspóirí dímheasa:

| | **Saolta (Blianta)** |
|---|---|
| Oibreacha agus línte iarnróid | 10-40 |
| Rothra iarnróid | 4-20 |
| Feithiclí lasta bóthair | 1-10 |
| Gléasra agus innealra | 3-30 |
| Dugaí, calafoirt agus calaí | 50 |
| Trealamh lónadóireachta | 5-10 |
| Foirgnimh | 50 |

## 10. SÓCMHAINNÍ SEASTA INLÁIMHSITHE *(ar lean)*

(c) Áirítear €34,463,231 i muirir úis chaipitlithe ar na méideanna atá san áireamh sa chostas bunaidh de shócmhainní inláimhsithe éagsúla a bhaineann le scéim leictriúcháin iarnróid bruachbhailte Bré-Binn Éadair a críochnaíodh i 1984.

(d) Áirítear ar shócmhainní inláimhsithe sócmhainní infrastruchtúir iarnróid mar seo a leanas:

| | **2006 €000** | 2005 €000 |
|---|---|---|
| Costas | **648,349** | 641,004 |
| Dímheas carntha | **(321,913)** | (304,120) |
| Leabharmhéid glan | **326,436** | 336,884 |
| Dímheas don bhliain *(nóta 2(D))* | **(17,793)** | (17,328) |

(e) Áirithe sna breisithe thuas íocaíochtaí ar chuntas maidir le rothra iarnróid nach raibh i seirbhís go fóill:

| | **2006 €000** | 2005 €000 |
|---|---|---|
| Rothra iarnróid | **55,792** | 177,816 |

(f) Áirítear i sócmhainní inláimhsithe méideanna luaite thíos maidir le rothra iarnróid agus gléasra agus innealra a choimeádtar faoi léasanna airgeadais, ar a bhfuil úinéireacht thairbhiúil ag an gcuideachta .i. mórán de na rioscaí agus an luach a bhaineann le húinéireacht sócmhainne, seachas an teideal dlíthiúil:

| | **2006 €000** | 2005 €000 |
|---|---|---|
| Costas | **88,835** | 88,573 |
| Dímheas carntha | **(47,227)** | (42,118) |
| Glan-leabharmhéid | **41,608** | 46,455 |
| Dímheas don bhliain | **(5,109)** | (4,980) |

## 11. SÓCMHAINNÍ AIRGEADAIS

| **Infheistíochtaí trádála – scaireanna liostaithe** | **2006 €000** | 2005 €000 |
|---|---|---|
| Costas nó luacháil an 1 Eanáir | **63** | 63 |
| Soláthar do lagú luacha an 31 Nollaig | **(43)** | (43) |
| **Glan-leabharmhéideanna an 31 Nollaig** | **20** | 20 |
| **Luach margaidh an 31 Nollaig** | **49** | 49 |

## 12. STOIC

| | 2006 €000 | 2005 €000 |
|---|---|---|
| Rothra, páirteanna breise agus ábhair chothabhála | **17,435** | 18,976 |
| Stoic infrastruchtúir | **20,261** | 14,736 |
| Breosla, bealadh agus stoic éagsúla eile | **8,803** | 7,364 |
| | **46,499** | 41,076 |

Áirítear ar na méideanna sin páirteanna agus comhpháirteanna a choimeádtar go riachtanach chun riachtanais oibríochta fhadtéarmacha a chomhlíonadh.

## 13. FÉICHIÚNAITHE

| | 2006 €000 | 2005 €000 |
|---|---|---|
| Féichiúnaithe trádála | **15,507** | 17,583 |
| Méideanna atá dlite de chomh-fhochuideachtaí agus cuideachtaí sealbhaíochta | **95,502** | 75,733 |
| Deontais AE infhaighte | **43,946** | 75,585 |
| Féichiúnaithe eile agus ioncam fabhraithe | **3,244** | 7,141 |
| | **158,199** | 176,042 |

## 14. CREIDIÚNAITHE (méideanna dlite laistigh de bhliain amháin)

| | 2006 €000 | 2005 €000 |
|---|---|---|
| Rótharraingt bhainc | **18,179** | 13,078 |
| Creidiúnaithe trádála | **59,966** | 62,167 |
| Iasacht ó chuideachta shealbhaíochta *(nóta 16)* | **165,066** | 165,066 |
| Oibleagáidí léasa airgeadais *(nóta 17)* | **5,490** | 5,166 |
| Cáin ioncaim bainte as faoi PAYE | **4,747** | 4,286 |
| Árachas sóisialta pá-choibhneasa | **3,360** | 3,262 |
| Cáin bhreisluacha agus cánacha eile | **3,080** | 9,735 |
| Creidiúnaithe eile | **6,652** | 4,480 |
| Fabhruithe | **4,031** | 3,278 |
| Soláthar athstruchtúraithe *(nóta 18)* | **21,179** | 18,910 |
| Éilimh dhliteanais an tríú páirtí agus an fhostóra *(nóta 18)* | **6,000** | 5,084 |
| Ioncam iarchurtha *(nóta 19)* | **61,216** | 59,842 |
| | **358,966** | 354,354 |
| Creidiúnaithe do chánachas agus do leasa sóisialach san áireamh thuas | **11,187** | 17,283 |

## 15. CREIDIÚNAITHE (méideanna dlite tar éis níos mó ná bliain amháin)

| | 2006<br>€000 | 2005<br>€000 |
|---|---|---|
| Oibleagáidí léasa airgeadais *(nóta 17)* | **34,304** | 39,576 |

## 16. IASACHT ÓN gCUIDEACHTA SHEALBHAÍOCHTA

| | 2006 | 2005 |
|---|---|---|
| Tá an iasacht seo inaisíoctha mar seo a leanas: | **€000** | €000 |
| Laistigh de bhliain amháin *(nóta 14)* | **165,066** | 165,066 |

Seasann an iasacht seo do na sócmhainní glana lúide scairchaipiteal eisithe sannta don chuideachta i ndiaidh a bhunú tar éis atheagrú Chóras Iompair Éireann i 1987. Gach bliain, déantar aoisiú ar an méid le híoc trí thagairt a dhéanamh do na hiasachtaí bainc atá á mbainistiú ag Córas Iompair Éireann agus na cinn atá i seilbh acu thar ceann na gcuideachtaí oibríochta.

Cloínn cur i láthair anailís aibíochta ar iasachtaí agus fiachas eile thuas le forálacha Ionstraimí Caipitil FRS 25. Éilíonn an caighdeán gur cheart aibíocht fiachais a chinneadh trí thagairt a dhéanamh don dáta is luaithe a bhfuil gá aisíocaíocht a thabhairt don iasachtóir.

## 17. OIBLEAGÁIDÍ LÉASA

**(A) Léasanna airgeadais**

| | 2006<br>€000 | 2005<br>€000 |
|---|---|---|
| Tá glan-oibleagáidí faoi léasanna airgeadais dlite mar seo a leanas: | | |
| Laistigh de bhliain amháin *(nóta 14)* | **5,490** | 5,166 |
| Idir bliain amháin agus cúig bliana *(nóta 15)* | **18,428** | 19,787 |
| Tar éis cúig bliana *(nóta 15)* | **15,876** | 19,789 |
| | **34,304** | 39,576 |
| | **39,794** | 44,742 |

**(B) Léasanna oibríochta**

Téann tiomantais faoi léasanna oibríochta nach bhféadfaí a chealú iníoctha sa bhliain atá le teacht in éag mar seo a leanas:

| | 2006<br>€000 | 2005<br>€000 |
|---|---|---|
| Laistigh de bhliain amháin | **2,930** | 2,174 |
| Idir bliain amháin agus cúig bliana | **3,727** | 3,094 |
| | **6,657** | 5,268 |

## 18. SOLÁTHAIRTÍ LE HAGHAIDH DLITEANAS AGUS MUIREAR

| | Soláthar Athstruchtúr-aithe €000 | Éilimh dhliteanais an Tríú Páirtí agus an Fhostóra €000 | Iomlán €000 |
|---|---|---|---|
| Iarmhéid an 1 Eanáir 2006 | 18,910 | 67,935 | 86,845 |
| Úsáidte le linn na bliana | (25,116) | (3,045) | (28,161) |
| Aistriú ó chuntas brabúis agus caillteanais | | | |
| - Mír eisceachtúil | 27,385 | - | 27,385 |
| - Eile | - | 5,624 | 5,624 |
| | 27,385 | 5,624 | 33,009 |
| Iarmhéid tugtha ar aghaidh | 21,179 | 70,514 | 91,693 |
| Méid níos lú aicmithe mar dhliteanas reatha *(nóta 14)* | (21,179) | (6,000) | (27,179) |
| Iarmhéid an 31 Nollaig 2006 | - | 64,514 | 64,514 |

Muirearaítear aon chailliúintí nach gclúdaítear le hárachas seachtrach chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais comhdhlúite agus tá méideanna nach bhfuil socraithe san áireamh i soláthairtí do dhliteanais agus muirir.

**(A) Clúdach Árachais Seachtrach**

Tá an clúdach árachais seachtrach a leanas ag an mBord:

(i) Iarnród Éireann

Dliteanas Tríú Páirtí os cionn

(a) €5,000,000 ar aon tarlú amháin nó sraith tarluithe mar thoradh ar aon eachtra iompair iarnróid amháin agus

(b) €1,500,000 ar aon tarlú amháin nó sraith tarluithe mar thoradh ar aon eachtra iompair bóthair amháin, ach amháin i gcás éilimh faoi réir ag dlínse na Stát Aontaithe, áit gurb os cionn US$3,300,000 é.

(ii) An Grúpa

Dliteanas Tríú Páirtí os cionn €150,000 ar aon tarlú amháin nó sraith tarluithe mar thoradh ar eachtraí Rioscaí Eile, ach amháin

(a) ag Bóthar Osraí, Baile Átha Cliath i gcás damáiste ó thuilte, áit gurb os cionn €1,000,000 neamhrangaithe é, agus

(b) aon damáiste eile ó thuilte áit gurb os cionn €250,000 é.

## 18. SOLÁTHAIRTÍ LE HAGHAIDH DLITEANAS AGUS MUIREAR (ar lean)

(iii) Dliteanas Oibreoirí Turais don Ghrúpa le slánaíocht €2,000,000 maidir le haon eachtra amháin agus ar an iomlán, faoi réir farasbarr de €250,000.

(iv) Ina theannta sin, tá clúdach comhiomlán ag gach aon ceann de na fochuideachtaí laistigh den Ghrúpa sa tréimhse dhá mhí dhéag, Aibreán 2006 go Márta 2007, maidir le dliteanais tríú páirtí iompair iarnróid agus bóthair sa bhreis ar mhéid féin-árachaithe mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Iarnród Éireann | €11,000,000 |

faoi réir méid féin-árachaithe foriomlán an Ghrúpa de €27,000,000.

(v) €10,000,000 an clúdach Dliteanais Phoiblí Sceimhlitheoireachta don Ghrúpa faoi réir na farasbairr chuí sa chatagóir eachtra.

(vi) Is €200,000,000 í slánaíocht fhoriomlán Árachas Dliteanais Comhcheangailte an Ghrúpa don tréimhse dhá mhí dhéag ó Aibreán 2006 go Márta 2007, do dhliteanais Tríú Páirtí iompair iarnróid agus bóithre agus Rioscaí eile.

(vii) Dóiteán agus Priacail Speisialta, lena n-áirítear damáiste stoirme, le slánaíocht €200,000,000 i ndáil le maoin an Ghrúpa os cionn €1,000,000 ar aon chailliúint amháin nó sraith cailliúintí, le farasbarr bliantúil gan dul thar €5,000,000 in iomlán.

(viii) €200,000,000 an clúdach slánaíochta sceimhlitheoireachta don Ghrúpa le farasbarr de €500,000 i ndáil le hiarnróid agus rothra bóthair agus €150,000 i ndáil le damáiste maoine, do gach uile cheann de na caillteanais.

## 18. SOLÁTHAIRTÍ LE HAGHAIDH DLITEANAS AGUS MUIREAR *(ar lean)*

**(B) Soláthar d'éilimh ón tríú páirtí agus ó fhostóirí agus aisghabhálacha gaolmhara**

Soláthraítear ag deireadh na bliana do chostas measta na ndliteanas a thabhaítear ach nach mbíonn socraithe ag dáta an chláir chomhardaithe, lena n-áirítear costas na n-éileamh a bhíonn tabhaithe ach nach mbíonn tuairiscithe fós (IBNR) don chuideachta. Áirítear ar chostas measta na n-éileamh speansais a thabhófar go seachtrach in éilimh bhainistíochta ach ní áirítear ann forchostais inmheánach na dtáillí bainistíochta éileamh. Glacann an chuideachta gach céim réasúnach lena chinntiú go mbeidh an fhaisnéis chuí aige maidir lena nochtuithe éileamh. Mar sin féin, mar gheall ar an neamhchinnteacht maidir le soláthairtí éileamh a bhunú, is dócha go mbeidh an toradh deiridh difriúil ón dliteanas bunaidh a bunaíodh.

Agus costas measta na ndliteanas féideartha neamhíoctha a ríomh, ríomhann an Grúpa luachálacha aonair comhad a mbíonn soláthairtí teagmhasacha curtha leo le cabhair ó chomhairle achtúireach seachtrach. Bíonn samhail mhatamaiticiúil an achtúire bunaithe go ginearálta ar anailís staitistiúil na taithí stairiúla, a ghlacann leis go mbeidh patrún forbartha na n-éileamh reatha ag teacht le taithí san am a caitheadh. Cuirtear san áireamh, áfach, athruithe nó neamhchinnteachtaí a d'fhéadfadh na staitisticí bunúsacha a chur as a riocht nó a d'fhéadfadh na dliteanais fhéideartha a mhéadú nó a laghdú nuair a chuirtear i gcomparáid iad le costas na n-éileamh a socraíodh roimhe sin lena n-áirítear, mar shampla, athruithe sa timpeallacht dhlíthiúil, éifeachtaí boilscithe, athruithe i ngníomhaíochtaí oibríochta agus an tionchar a bheadh ag caillteanais mhóra.

Agus costas na n-éileamh fógartha ach neamhíoctha á meas, bíonn aird ag an gcuideachta ar imthosca timpistí arna gcruthú ag imscrúduithe, ar aon fhaisnéis a bhíonn ar fáil ó shaineolaithe dlí nó ó shaineolaithe eile agus ar fhaisnéis maidir le fasaigh cúirte ar dhliteanais le tréithe comhchosúla i dtréimhsí roimhe sin. Déantar timpistí a bhíonn thar a bheith tromchúiseach a mheas ar leithligh ó na meáin a léiríonn an tsamhail achtúireach.

Bíonn meastachán éilimh IBNR faoi réir ag níos mó neamhchinnteachta ná an dliteanas measta d'éilimh a bhíonn curtha in iúl cheana don chuideachta, mar gheall ar an easpa faisnéise faoi ócáid an éilimh, ach amháin sna cásanna sin a mbíonn imscrúdaitheoirí glaoite go dtí láithreacha na dtimpistí. Léireoidh cineálacha éileamh a bhful críoch forbartha níos faide ag baint leo agus ina bhfuil an cion IBNR den chúlchiste iomlán, dá bhrí sin, ard go hiondúil éagsúlachtaí níos mó idir meastacháin tosaigh agus na torthaí deiridh mar gheall ar níos mó deacrachta a bheith ag baint leis na cúlchistí sin a mheas.

Ríomhtar soláthairtí d'éilimh comhlán ar aon ghnóthachain athárachaithe. Glactar leis go mbíonn gnóthachain athárachaithe i ndáil le héilimh mheasta IBNR ag teacht leis an bpatrún stairiúil do ghnóthachain den sórt sin, arna gcoigeartú chun athruithe i nádúr agus méid chlár athárachais na cuideachta in imeacht ama a léiriú. Déantar measúnacht freisin ar in-aisghabháil ghnóthachain athárachais le haird á thabhairt ar fhógra ó bhróicéirí na cuideachta maidir le haon athárachóirí in athrith.

## 19. IONCAM IARCHURTHA

Is mar seo a leanas atá an cuntas seo, ina bhfuil deontais AE neamh-inaisíoctha, deontais stáit, agus ioncam iarchurtha eile a chuirfear chun sochair ar an gcuntas brabúis agus caillteanais ar an mbonn céanna is a dímheastar na sócmhainní inláimhsithe a bhaineann leis (polasaí cuntasaíochta E):

| | 1 Eanáir 2006 €000 | Faighte agus Infhaighte €000 | Amúchta don Chuntas Brabúis & Caillteanais €000 | Scoir & Diúscairtí €000 | 31 Nollaig 2006 €000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Deontais Chaipitil** | | | | | |
| Talamh agus foirgnimh | 653 | 82 | (8) | (22) | 705 |
| Oibreacha & línte iarnróid | 36,048 | 11,411 | (1,353) | - | 46,106 |
| Rothra iarnróid | 481,179 | 78,917 | (20,360) | - | 539,736 |
| Gléasra agus innealra | 261,592 | 58,118 | (16,736) | (12) | 302,962 |
| Dugaí, calafoirt agus calaí | 14,289 | - | (281) | - | 14,008 |
| **Deontais chaipitil iomlán** | 793,761 | 148,528 | (38,738) | (34) | 903,517 |
| **Deontais stáit – Clár Infheistíochta um Shábháilteacht Iarnróid** | 23,589 | - | (7,862) | - | 15,727 |
| **Ioncam iarchurtha eile** | 1,190 | - | (35) | - | 1,155 |
| **Iomlán** | 818,540 | 148,528 | (46,635) | (34) | 920,399 |

| Léirithe mar: | 2006 €000 | 2005 €000 |
|---|---|---|
| Ioncam iarchurtha – méideanna ag titim dlite laistigh d'aon bhliain amháin *(nóta 14)* | **61,216** | 59,842 |
| Ioncam iarchurtha – méideanna ag titim dlite tar eis níos mó ná aon bhliain amháin | **859,183** | 758,698 |
| | **920,399** | 818,540 |

Scaoilfear leis na deontais a fuarthas faoin gClár Infheistíochta um Shábháilteacht Iarnróid (1999 – 2003) agus an NDP (2000 go 2006) don bhrabús agus don chaillteanas de réir an Chláir Infheistíochta um Shábháilteacht Iarnróid. Ba iad na deontais faighte agus infhaighte i 2006 Státchiste €141,016,566, AE €6,086,277 agus Tríú Páirtí €1,425,059.

## 20. SCAIRCHAIPITEAL

| | 2006 €000 | 2005 €000 |
|---|---|---|
| **Údaraithe:** | | |
| Gnáthscaireanna €1.27 an ceann | **95,230** | 95,230 |
| **Leithroinnte, glaoite agus íoctha go hiomlán** | | |
| Gnáthscaireanna €1.27 an ceann | **29,204** | 29,204 |

## 21. CÚLCHISTE ATHSHOLÁTHAIR SÓCMHAINNÍ

| | 2006 €000 | 2005 €000 |
|---|---|---|
| **Iarmhéid an 31 Nollaig** | **100,686** | 100,686 |

Measann na stiúrthóirí nach bhfuil sé oiriúnach aistriú chuig an gcúlchiste seo anois.

## 22. RÉITEACH GLUAISEACHTA I gCISTÍ SCAIRSHEALBHÓIRÍ COTHROMAIS

| | 2006 €000 | 2005 €000 |
|---|---|---|
| Barrachas don bhliain tar éis deontais Stáit agus fóirdheontas CIÉ | **23,285** | 15,414 |
| Costais eisceachtúla oibríochta *(nóta 5)* | **(27,385)** | (7,887) |
| Ciste tosaigh scairshealbhóirí cothromais | **34,833** | 27,306 |
| **Cistí deiridh scairshealbhóirí cothromais** | **30,733** | 34,833 |

## 23. RÁITEAS FAOI SHREABHADH AIRGID

**(A) Réiteach easnaimh go glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibríochta**

| | 2006 €000 | 2005 €000 |
|---|---|---|
| Easnamh roimh Oibleagáid Seirbhíse Poiblí, deontais Stáit agus seirbhísiú airgeadais agus i ndiaidh fhóirdheontas CIÉ | **(201,379)** | (181,503) |
| Oibleagáid Seirbhíse Poiblí, deontais Stáit seachas é sin a cuireadh le hús DART agus athnuachan (nóta 9) | **201,922** | 192,427 |
| Barrachas don bhliain roimh sheirbhísiú airgeadais | **543** | 10,924 |
| Brabús ar dhiúscairt sócmhainní inláimhsithe | **(576)** | (109) |
| Dímheas | **64,093** | 57,011 |
| Amúchadh deontais chaipitil *(nóta 19)* | **(46,670)** | (37,754) |
| Méadú i stoic | **(5,423)** | (8,400) |
| Laghdú/(méadú) i bhféichiúnaithe | **5,973** | (6,150) |
| (Laghdú)/méadú i gcreidiúnaithe agus soláthairtí | **(592)** | 2,819 |
| **Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibríochta** | **17,348** | 18,341 |

**(B) Anailís ar ghlanfhiacha**

| | An 1 Eanáir 2006 €000 | Sreabhadh Airgid €000 | An 31 Nollaig 2006 €000 |
|---|---|---|---|
| Airgead ar lámh | 220 | 41 | 261 |
| Rótharraingt bhainc | (13,078) | (5,101) | (18,179) |
| Iasachtaí | (165,066) | - | (165,066) |
| Léasanna airgeadais | (44,742) | 4,948 | (39,794) |
| Iarmhéid idirghrúpa | 75,734 | 19,768 | 95,502 |
| | (146,932) | 19,656 | (127,276) |

Is éard atá in acmhainní leachtacha méideanna atá dlite d'fhochuideachtaí agus comhchuideachtaí sealbhaíochta, a léiríonn airgead tirim a ghintear agus nach bhfuil de dhíth láithreach d'oibríochtaí a chuirtear ar fáil do ghrúpchuideachtaí eile, atá inaisíoctha ar éileamh.

## 24. PINSIN

Tá formhór d'fhostaithe na cuideachta rannpháirteach i scéimeanna sochair pinsean sainithe bunaithe ar phá inphinsin deiridh agus a dhéantar d'fhostaithe incháilithe gach cuideachta de chuid CIÉ. Déantar ranníocaíochtaí ón gcuideachta agus ó na fostaithe a infheistiú i gcistí atá riartha ag iontaobhaithe.

Déantar ranníocaíochtaí don scéim a mhuirearú don chuntas brabúis agus caillteanais chun costas na bpinsean a leathadh mar a thabhaítear thar shaol oibre na bhfostaithe leis an nGrúpa mar chéatadán de phá measta sna blianta atá le teacht. Déanann achtúire neamhspleách ranníocaíochtaí don scéim a chinneadh ar bhonn athbhreithnithe bliantúla ag baint úsáide as an modh aonaid réamh-mheasta.

Cé gur scéimeanna sochair sainithe iad, níl an chuideachta in ann a scair de na bunsócmhainní agus dliteanais do na scéimeanna a aithint.

Tá sonraí maidir leis na scéimeanna, a theastaíonn de réir FRS 17, i gcuntais Chóras Iompair Éireann.

Ba é staid achtúireach na scéimeanna pinsean Chóras Iompair Éireann an 31 Nollaig 2006 easnamh €224.7 milliún (2005 €284.4 milliún).

## 25. TIOMANTAIS CHAIPITIL

| | Conradh déanta do €000 | Údaraithe ag na stiúrthóirí ach níl conradh déanta dóibh €000 |
|---|---|---|
| **2006** | | |
| Laistigh d'aon bhliain amháin | **168,399** | **331,968** |
| Ó dhá bhliain go cúig bliana | **123,237** | **339,905** |
| | **291,636** | **671,873** |
| **Arb é an méid maoinithe:** | **290,452** | **653,003** |
| 2005 | | |
| Gealltanais iomlána chaipitil | 361,748 | 179,625 |

## 26. DLITEANAIS THEAGMHASACHA

**(A) Dlíthíocht ar Feitheamh**

Bíonn an chuideachta, ó am go ham, páirteach in imeachtaí dlí éagsúla. Is é tuairim na stiúrthóirí nach mbeidh caillteanais, más ann, a tharlaíonn i dtaca leis na bearta seo de bhreis go bunúsach ar sholáthairtí a rinneadh i ráitis airgeadais.

**(B) Léasanna Airgeadais**

Faoi théarmaí na léasanna airgeadais tá dliteanais teagmhasacha ann ina bhfritháireoidh coigeartuithe cuí go cíosléasuithe bunathruithe cánach a chuireann isteach ar dhliteanas cánach an léasóra.

## 27. IDIRBHEARTA IDIR PÁIRTITHE GAOLMHARA

Is páirtithe gaolmhara de chuid na cuideachta iad aonáin arna rialú ag Rialtas na hÉireann de bhua rialú Rialtas na hÉireann ar an gcuideachta shealbhaíochta, Córas Iompair Éireann.

Sa ghnáthchúrsa gnó ceannaíonn an chuideachta earraí agus seirbhísí ó aonáin arna rialú ag Rialtas na hÉireann, is iad na príomhchinn díobh sin ná BSL, An Post agus Bord Gáis. Tá na stiúrthóirí den tuairim nach bhfuil *quantum* na gceannach sin ábhartha i ndáil le gnó na cuideachta.

Soláthraíonn ráitis airgeadais Chóras Iompair Éireann an fhaisnéis a éilíonn Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais Uimh. 8 maidir le hidirbhearta idir an chuideachta sin, a fochuideachtaí agus Rialtas na hÉireann.

## 28. COMHALTACHT GHRÚPA CHÓRAS IOMPAIR ÉIREANN

Is comhalta é Iarnród Éireann de Ghrúpa cuideachtaí Chóras Iompair Éireann (an Grúpa) agus léiríonn na ráitis airgeadais éifeachtaí chomhaltacht an Ghrúpa.

Is fochuideachta faoi lánúinéireacht Chóras Iompair Éireann é Iarnród Éireann, atá corpraithe i dTuaisceart Éireann agus ag a bhfuil oifigí cláraithe ag Central Station, East Bridge Street, Béal Feirste.

## 29. CEADÚ NA RÁITEAS AIRGEADAIS

Cheadaigh na stiúrthóirí na ráitis airgeadais an 4 Aibreán 2007.